



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

25 Márta 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/474 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtionú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/475 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe 6
- ★ Rialachán (AE) 2022/476 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aigéad aicéiteach, asocsastróibine, beinsivindéfhluipire, ciantrainileapróil, cíoifluifeanaimíde, eimimeictine, flutolainile, sulfar aoil, maltaideistrine agus prócuineaisíde i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ⁽¹⁾ 9
- ★ Rialachán (AE) 2022/477 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní VI agus X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) ⁽¹⁾ 38
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/478 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 maidir le bearta cosanta ar allmhairí moileasc débhlaoscach ón Tuirc a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a choinneáil ar bun ⁽¹⁾ 54
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/479 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 57

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/480 ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2022 maidir le coiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spaireachta faireachais Pegasus agus earraí spaireachta faireachais coibhéiseacha, agus lena sainítear ábhar an fhiosrúcháin, mar aon le freagrachtaí, líon comhaltaí agus téarma oifige an choiste 72
- ★ Cinneadh (AE) 2022/481 ón gComhairle an 22 Márta 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhéid a bhaineann le glacadh cinnidh i dtaca leis an athbhreithniú ar an gComhthuiscint maidir le Forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta 76
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/482 ón gCoimisiún an 16 Márta 2022 maidir leis an iarraidh ar chláirú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal “Fur Free Europe” [An Eoraip Saor ó Fhionnadh] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1530) 82
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/483 ón gCoimisiún an 21 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 84
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/484 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Rialachán Tarmhligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme coinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022 (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1875) 105
- ★ Cinneadh (AE) 2022/485 ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/264/AE maidir le riar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (ECB/2022/11) 108

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/474 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(2), pointí (b) agus (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/848 agus go háirithe le Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis, leagtar síos ceanglais áirithe maidir le hábhar atáirgthe plandaí a úsáid, idir ábhar atá á thiontú agus ábhar neamhorgánach.
- (2) I bhfianaise chéimniú amach na maoluithe ar úsáid ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí a leagtar síos in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/848, tá sé tábhachtach táirgeadh agus cur ar an margadh ábhair atáirgthe plandaí a mhéadú, idir ábhar orgánach agus ábhar atá á thiontú.
- (3) Mar sin féin, tá an méid síolta orgánacha agus síolta atá á dtiontú atá ar fáil faoi láthair teoranta i gcás roinnt speiceas gairneoireachta, agus modh comónta is ea síolta neamhorgánacha, a fhástar faoi choinníollacha orgánacha, a úsáid le haghaidh síológa a tháirgeadh mar ábhar atáirgthe plandaí.
- (4) Ní áirítear síológa sna bunachair shonraí agus sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/848, bunachair shonraí agus córais lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a chur faoi bhráid an phobail maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí, idir ábhar orgánach agus ábhar atá á thiontú. I bhfianaise nádúr sonrach na síológ agus i bhfianaise fhad athraitheach a dtimthriallta táirgthe, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach. Maidir le síolta orgánacha agus síolta atá á dtiontú, ba cheart a n-infhaighteacht a chur san áireamh le haghaidh an speicis agus an chineáil lena mbaineann chun infhaighteacht fhéideartha na síológ orgánach agus na síológ atá á dtiontú ar an margadh a chinneadh.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848, is féidir ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí a mhargú mar ábhar atá á thiontú freisin ar choinníoll go bhfuil tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ag an ábhar sin. Ba cheart tús áite a thabhairt d'úsáid ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú seachas d'úsáid ábhair neamhorgánaigh atáirgthe plandaí. Sa chomhthéacs sin, is gá a shoiléiriú go bhféadfar "síológa atá á dtiontú" a úsáid i gcás ina maireann a dtimthriall saothrúcháin 12 mhí ar a laghad ar dháileacht talún a chuir tréimhse thiontúcháin 12 mhí isteach nó i gcás ina saothraítear iad i gcoimeádáin nó ar dháileacht talún, ar choinníoll go dtagann siad as síolta a shábháiltear ó phlandaí a d'fhás ar dháileacht talún a chuir tréimhse thiontúcháin 12 mhí isteach.

⁽¹⁾ IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

- (6) Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le síológa, is gá toirmeasc a chur ar shíológa neamhorgánacha a úsáid le haghaidh barra a mbíonn timthriall táirgeachta curtha isteach acu laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síológ go sábháil an táirge deiridh den chéad uair chun sláine na dtáirgí orgánacha a áirithiú a bhféadfaí an bonn a bhaint di i gcás ina mbeadh fuill sna síolta neamhorgánacha a úsáidtear mar ábhar tosaigh.
- (7) Maidir le hinfhaighteacht máthairphlandaí nó, i gcás inarb ábhartha, plandaí eile atá beartaithe le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní leor í sin i gcás torthaí áirithe, speicis fíniúnacha agus ornáideacha nó cineálacha fíniúnacha agus ornáideacha. Thairis sin, tá cúpla plandlann torthaí orgánacha agus plandlann fhíniúnach ann a oibríonn le máthairphlandaí faoi láthair a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de dheasca infheistíochtaí fadtéarmacha agus deacrachtaí teicniúla chun an chomhlíontacht iomlán le ceanglais deimhniúcháin cáilíochta agus le ceanglais fiteashláintíochta a áirithiú.
- (8) Chun forbairt bhreise ar an earnáil táirgthe ardspeisialaithe a chur chun cinn, is iomchuí an fhéidearthacht a thabhairt isteach maidir le húsáid ábhair neamhorgánaigh atáirgthe plandaí a fhástar faoi choinníollacha orgánacha a údarú le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh atá le margú agus le húsáid le haghaidh barra orgánacha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha áirithe.
- (9) Ba cheart cead a thabhairt d'oibreoírí a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí den sórt sin faisnéis a chur faoi bhráid an phobail, ar bhonn deonach, maidir le hinfhaighteacht ábhair den sórt sin sna córais náisiúnta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2018/848. Fágfaidh sé sin go mbeidh oibreoírí in ann ábhar atáirgthe plandaí a fhástar go horgánach a roghnú i gcás nach mbeidh ábhar orgánach atáirgthe plandaí nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú ar fáil.
- (10) Chun an comhleanúnachas a áirithiú, na húdaruíthe maidir le húsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánach a fhástar faoi choinníollacha orgánacha le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, ba cheart na húdaruíthe sin dul in éag an tráth céanna a rachaidh na maoluithe ar úsáid ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí in éag. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí agus cuirfidh sé deireadh nó síneadh leis na húdaruíthe sin i bhfianaise na gconclúidí a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí a chuirfear i láthair sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 53(7) de Rialachán (AE) 2018/848 agus i gcomhréir le hAirteagal 53(2) den Rialachán sin.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 a leasú dá réir.
- (12) Chun folús dlíthiúil a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1.8.5.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“De mhaolú ar phointe 1.8.1, i gcás ina léiríonn na sonraí a bhailítear sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26 (1) nó na córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) nach gcomhlíontar riachtanais cháilíochtúla ná chainníochtúla an oibreora maidir leis an ábhar atáirgthe plandaí orgánach ábhartha, féadfaidh an t-oibreoir ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach atá á thiontú a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara mír, pointe (a), nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6.”;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

“Thairis sin, i gcás nach bhfuil síológa orgánacha ar fáil, féadfar úsáid a bhaint as ‘síológa atá á dtiontú’, a mhargaítear i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara mír, pointe (a), i gcás ina bhfástar ar an mbealach seo a leanas iad:

(a) trí thimthriall saothrúcháin ó shíolta go síológa deiridh a sheasann ar feadh 12 mhí ar dháileacht talún a bhfuil, le linn na tréimhse céanna, tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ina leith; nó

(b) ar dháileacht talún orgánach nó atá á tiontú nó i gcoimeádáin más rud é go gcumhdaítear iad leis an maolú dá dtagraítear i bpointe 1.4, ar choinníoll gur ó shíolta atá á dtiontú a thagann na síolta, agus gur síolta iad a shábháiltear ó phlanda a d'fhás ar dháileacht talún a bhfuil tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ina leith.”;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír:

“I gcás nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí chun go bhféadfaí ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 ar fáil ar cháilíocht leordhóthanach nó i gcainníocht leordhóthanach chun riachtanais an oibreora a chomhlíonadh, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánaigh a údarú faoi réir phointí 1.8.5.3. go 1.8.5.8.

Ní eiseofar an t-údarú sin ach amháin i gceann amháin de na cásanna seo a leanas:

(a) nach bhfuil aon chineál den speiceas is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2);

(b) nach féidir le haon oibreoir, a mhargaíonn ábhar atáirgthe plandaí, an t-ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a sheachadadh go tráthúil lena chur nó lena phlandú i gcásanna inar ordaigh an t-úsáideoir an t-ábhar atáirgthe plandaí in am réasúnta chun go bhféadfaí ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a ullmhú agus a sholáthar;

(c) i gcás nach bhfuil an cineál is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe mar ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó mar ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) agus ina bhfuil an t-oibreoir ina ann a léiriú nach n-oireann aon cheann de na hábhair mhalartacha den speiceas céanna go háirithe do na dálaí agraamaíocha agus peidichlíomacha agus do na hairíonna teicneolaíochta riachtanacha chun go bhféadfaí dul i mbun táirgthe;

(d) i gcás ina bhfuil údar cuí lena úsáid i dtaighde, lena thástáil i dtrialacha allamuigh ar mhionscála, chun críocha éagsúla caomhnaithe nó le haghaidh nuálaíocht táirge agus ina gcomhaontaíonn údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.

Sula n-iarrann oibreoirí an t-údarú sin, ceadóidh siad an bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) nó na córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) chun a fhíorú an bhfuil ábhar atáirgthe plandaí ábhartha orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6, an bhfuil an t-ábhar sin ar fáil, agus ar an gcaoi sin an bhfuil údar cuí lena iarraidh.”;

(b) leasaítear pointe 1.8.5.2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“De mhaolú ar phointe 1.8.1, féadfaidh oibreoirí i dtríú tíortha ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara fómhír, pointe (a), nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 nuair is é is údar cuí leis an méid sin nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí orgánach ar fáil ar cháilíocht leordhóthanach nó i gcainníocht leordhóthanach ar chríoch an tríú tír ina bhfuil an t-oibreoir lonnaithe.”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Féadfaidh údarais rialaithe nó comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1), údarú a thabhairt d’oibreoirí i dtríú tíortha go n-úsáidí ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach in aonad táirgthe orgánach nuair nach bhfuil ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 ar fáil nó nuair nach bhfuil sé ar fáil ar cháilíocht nó i gcainníocht leordhóthanach ar chríoch tríú tír ina bhfuil an t-oibreoir lonnaithe faoi na coinníollacha a leagtar amach faoi phointí 1.8.5.3, 1.8.5.4, 1.8.5.5 agus 1.8.5.8.”;

(c) cuirtear isteach na pointí 1.8.5.8 agus 1.8.6 seo a leanas:

“1.8.5.8. Ní dhéanfaidh na húdarais inniúla úsáid síológ neamhorgánach a údarú i gcás síológa speiceas a mbíonn timthriall saothrúcháin a thugtar i gcrích laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síolóige go sábháil an táirge den chéad uair.

1.8.6. Féadfaidh údarais inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1), údarú a thabhairt d’oibreoirí a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí atá lena úsáid sa táirgeadh orgánach úsáid a bhaint as ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach, nuair nach bhfuil máthairphlandaí ná, i gcás inarb ábhartha, plandaí eile atá ceaptha le haghaidh táirgeadh ábhar atáirgthe plandaí agus a tháirgtear i gcomhréir le pointe 1.8.2 ar fáil i gcainníocht leordhóthanach nó ar cháilíocht leordhóthanach, agus an t-ábhar sin a chur ar an margadh lena úsáid sa táirgeadh orgánach ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach gcóireáiltear ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí le táirgí cosanta plandaí tar éis a mbaint, le táirgí cosanta plandaí cé is moite díobh sin a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 24(1) den Rialachán seo, ach amháin i gcás ina fhorordaíonn údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann cóireáil cheimiceach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun críoch fiteashláintíochta le haghaidh gach speicis agus ábhar ilchineálach speicis ar leith sa limistéar ina mbeidh an t-ábhar atáirgthe plandaí á úsáid. I gcás ina n-úsáidtear ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí a chóireáiltear leis an gcóireáil cheimiceach fhorordaithe sin, beidh an dáileacht talún ar a bhfuil an t-ábhar atáirgthe plandaí cóireáilte ag fás faoi réir, i gcás inarb iomchuí, tréimhse tiontaithe dá bhforáiltear i bpointí 1.7.3 agus 1.7.4;
- (b) maidir leis an ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach a úsáidtear, ní hé a bheidh ann síológ speiceas a mbíonn timthriall saothrúcháin curtha i gcrích ina leith laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síolóige go sábháil an táirge den chéad uair;
- (c) fástar an t-ábhar atáirgthe plandaí i gcomhréir le gach ceanglas eile maidir le táirgeadh plandaí orgánacha atá ábhartha;
- (d) gheofar an t-údarú ábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach a úsáid roimh chur nó plandú an bhairr;
- (e) an t-údarás inniúil, an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe atá freagrach as an údarú, ní dheonóidh sé an t-údarú ach d’úsáideoirí aonair agus le haghaidh séasúr amháin ag an am, agus liostóidh sé cainníochtaí an ábhair atáirgthe plandaí a údaraítear;
- (f) de mhaolú ar phointe (e), féadfaidh údarais inniúla na mBallstát údarú ginearálta a dheonú go bliantúil maidir le speiceas nó fospeiceas nó cineál ábhair neamhorgánaigh a úsáid agus liosta de na speicis, fospeicis nó cineálacha a chur ar fáil go poiblí agus é a choimeád cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Sa chás sin, liostóidh na húdarais inniúla sin cainníochtaí an ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánach a údaraítear;
- (g) na húdaruithe a dheonaítear i gcomhréir leis an mír seo, rachaidh siad in éag an 31 Nollaig 2036.

Faoin 30 Meitheamh gach bliain, agus den chéad uair faoin 30 Meitheamh 2023, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoin bhfaisnéis maidir leis na húdaruithe a dheonaítear i gcomhréir leis an gcéad mhír.

Na hoibreoírí a tháirgeann agus a mhargaíonn an t-ábhar atáirgthe plandaí i gcomhréir leis an gcéad mhír, ceadófar dóibh a phoibliú, ar bhonn deonach, an fhaisnéis ábhartha shonrach maidir le hinfhaighteacht an ábhair atáirgthe plandaí sin sna córais náisiúnta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2). Oibreoírí a roghnaíonn an fhaisnéis sin a chur isteach, áiritheoidh siad go ndéanfar an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta agus go mbainfear amach as na córais náisiúnta í nuair nach mbeidh fáil ar an ábhar atáirgthe plandaí a thuilleadh. Agus iad ag brath ar an údarú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (f), coinneoidh na hoibreoírí taifid ar an gcainníocht a úsáidtear.”

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/475 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 183(b) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar de thoradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus Uimh. 614/2009 ón gComhairle ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 5(6)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún ⁽³⁾ rialacha mionsonraithe chun córas na ndleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme, agus le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe.
- (2) Is éard a léiríonn faireachán rialta ar na sonraí a úsáidtear chun praghsanna ionadaíocha d'fheoil éanlaithe agus do tháirgí uibheacha a shocrú, sin agus an faireachán rialta ar ghealacáin uibhe, gur cheart na praghsanna allmhairithe ionadaíocha ar tháirgí áirithe a leasú chun an éagsúlacht praghsanna de réir áit tionscnaimh cuid de na hearraí a chur san áireamh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a leasú dá réir sin.
- (4) Toisc gur gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart seo a thúisce is féidir ach a mbeidh na sonraí nuashonraithe ar fáil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1995 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun an córas dleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme agus chun praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnálacha na feola éanlaithe clóis agus na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 163/67/CEE (IO L 145, 29.6.1995, lch. 47).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiún,
Ar son an Uachtaráin,
Wolfgang BURTSCHER
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha
Tuaithe*

IARSCRÍBHINN

«IARSCRÍBHINN I

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí	Praghas ionadaíoch (EUR/100 kg)	An ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 (EUR/100 kg)	Tionscnamh ⁽¹⁾
0207 14 10	Gearrthacha gan chnámh ó chineálacha éanlaithe den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad reoite	220,7	24	BR

⁽¹⁾ Ainmníocht na dtíortha arna socrú le Rialachán (AE) Uimh. 1106/2012 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2012 agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad, maidir le hainmníocht tíortha agus críocha a nuashonrú (IO L 328, 28.11.2012, lch. 7).”

RIALACHÁN (AE) 2022/476 ÓN gCOIMISIÚN
an 24 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aigéad aicéiteach, asocsastróibine, beinsivindéfhluipire, ciantrainileapróil, cíofluifeanaimíde, eimimeictine, flutolainile, sulfar aoil, maltaideistrine agus prócuineaisíde i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás asocsastróibine, beinsivindéfhluipire, ciantrainileapróil, cíofluifeanaimíde, flutolainile agus prócuineaisíde, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (“MRLanna”) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás eimimeictine, leagadh MRLanna síos i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Cuimsítear aigéad aicéiteach, sulfar aoil agus maltaideistrin in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú a dhéanamh ar úsáid táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach beinsivindéfhluipir ar “luibheanna agus bláthanna inite”, oinniúin earraigh/scailliún, ciobúil agus cainneanna, cuireadh dhá iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarradh na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.
- (3) A mhéid a bhaineann le ciantrainileapróil, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarradh na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú i leith ológa boird agus ológa le haghaidh táirgeadh ola. A mhéid a bhaineann le cíofluifeanaimíd, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh sméara dubha agus sútha craobh (iad dearg agus buí). A mhéid a bhaineann le heimimeictin, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh torthaí póma, aibreoga, silíní (iad milis), “spionáistí agus duilleoga comhchosúla” agus “insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna”. A mhéid a bhaineann le prócuineaisíd, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh fraochán agus mónóg.
- (4) A mhéid a bhaineann le hasocsastróibin, cuireadh isteach dhá iarratas ar lamháltais allmhairiúcháin de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a mhéid a bhaineann le húsáid na substainte sin sa Bhrasaíl ar mhangónna agus sa Cholóim ar thorthaí pailme ola chomh maith leis a mhéid a bhaineann le húsáid flutolainile i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar phiseanna talún. Deir na hiarratasóirí go n-eascraíonn iarmhair a sháraíonn na MRLanna atá i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 as úsáid údaraithe na substaintí sin ar na barra sin sna tíortha sin agus go bhfuil gá le MRLanna níos airde chun bacainní trádála ar allmhairiú na mbarr sin a sheachaint.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais uile a luaítear thuas agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

- (6) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ⁽²⁾. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.
- (7) A mhéid a bhaineann le heimimeictin, chinn an tÚdarás nach raibh na sonraí a cuireadh isteach i gcás “torthaí póma” leordhóthanach le MRLanna nua a shocrú. A mhéid a bhaineann le gach iarratas eile, chinn an tÚdarás gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach, agus go raibh na modhnuithe ar na MRLanna a d’iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha sonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí ar airíonna tocsaineolaíoch na substaintí. Léiríodh nach baol do dhuine an iontógáil laethúil inghlactha a shárú, ná an ghéardháileog thagartha a shárú, de bharr ceachtar den dá rud seo: teagmháil ar feadh a shaoil leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfaidís a bheith iontu, ná teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh.
- (8) Cuireadh aigéad aicéiteach, sulfar aoil agus maltaideistrin go sealadach mar chuid d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 go dtí go gcuirfí an mheastóireacht orthu i gcrích faoi Threoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽³⁾ nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na substaintí sin, agus chinn sé nach bhfuil gá le MRLanna le haghaidh aigéad aicéiteach, sulfar aoil ná maltaideistrine, agus dá bhrí sin, gur iomchuí na substaintí sin a choinneáil go buan in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ⁽⁵⁾.
- (9) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe agus na gconclúidí ón Údarás, agus na fachtóirí atá ábhartha maidir leis an ábhar atá faoi chaibidil á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe ábhartha ar na MRLanna atá beartaithe leis an Rialachán seo ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh 396/2005.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽²⁾ Tá na tuarascálacha eolaíoch seo a leanas ó EFSA ar fáil ar líne: <http://www.efsa.europa.eu>:

Reasoned opinion on the setting of import tolerances for azoxystrobin in mangoes and oil palm fruits [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh asocsastróibine i mangónna agus torthaí pailme ola]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(8):6821.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for benzovindiflupyr in fresh herbs and edible flowers [Tuairim Réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh beinsivindéflupire i luibheanna úra agus i mbláthanna inite]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(9):6839.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for benzovindiflupyr in leeks and spring onions/green onions/Welsh onions [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh beinsivindéflupire i gcainneanna agus oinniúin earraigh/scailliún/ciobúil a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(7):6774.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for cyantraniliprole in olives [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh ciantrainileapróil in ológa a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(8):6805.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for cyflufenamid in blackberries and raspberries [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cíoiflufeanaimíde i sméara dubha agus i sútha craobh a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(8):6831.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for emamectin in various crops [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh eimimeictine i mbarra éagsúla a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(8):6824.

Reasoned opinion on the setting of import tolerance for flutolanil in peanuts [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh flutolanil i bpiseanna talún]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(8):6717.

Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for proquinazid in blueberries and cranberries [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh prócuineaisíde i bhfraocháin agus i mónóga a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(9):6835.

⁽³⁾ Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1)

⁽⁵⁾ Ráiteas maidir le substaintí gníomhacha i lotnaidicídí nach bhfuil gá le hathbhreithniúchán ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana ina leith faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(12):6318.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh asocsastróibine, beinsivindéfluipire, ciantrainileapról, ciofluifeanaimíde, flutolainile agus prócuineaisíde:

“Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(*)	Asocsastróibin	Beinsivindéfluipir	Ciantrainileapról	Ciofluifeanaimíd (suim ciofluifeanaimíde (Z-isméir agus a E-isméir, arna sloinneadh mar chiofluifeanaimíd) (R) (A)	Flutolainil (R)	Prócuineaisíd (R) (F)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN					0,01 (*)	
0110000	Torthaí citris	15	0,01 (*)	0,9	0,01 (*)		0,01 (*)
0110010	Seadóga						
0110020	Oráistí						
0110030	Líomóidí						
0110040	Líomaí						
0110050	Mandairíní						
0110990	Eile (2)						
0120000	Cnónna crann		0,01 (*)	0,04	0,01 (*)		0,02 (*)
0120010	Almóinní	0,01					
0120020	Cnónna Brasaíleacha	0,01					
0120030	Cnónna caisiú	0,01					
0120040	Castáin	0,01					
0120050	Cnónna cócó	0,01					
0120060	Cnónna coill	0,01					
0120070	Macadaimia	0,01					
0120080	Cnónna peacáin	0,01					
0120090	Eithní cnónna péine	0,01					
0120100	Cnónna pistéise	1					
0120110	Gallchnónna	0,01					
0120990	Eile (2)	0,01					
0130000	Torthaí póma	0,01 (*)	0,2	0,8	0,06		
0130010	Úlla						0,08
0130020	Piorraí						0,08

0130030	Cainchí						0,01 (*)
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach						0,01 (*)
0130050	Locuatanna						0,01 (*)
0130990	Eile (2)						0,01 (*)
0140000	Torthaí cloiche	2	0,01 (*)				0,01 (*)
0140010	Aibreoga			0,01 (*)	0,06		
0140020	Silíní (iad milis)			6	0,1		
0140030	Péitseoga			1,5	0,06		
0140040	Plumaí			0,7	0,07		
0140990	Eile (2)			0,01 (*)	0,06		
0150000	Caora agus torthaí beaga						
0151000	(a) fíonchaora	3	1	1,5	0,2		0,5
0151010	Fíonchaora boird						
0151020	Fíniúnacha coiteanna						
0152000	(b) sútha talún	10	0,01 (*)	1,5	0,04		2
0153000	(c) torthaí cána	5	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0153010	Sméara dubha				0,07		
0153020	Eithreoga				0,01 (*)		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)				0,07		
0153990	Eile (2)				0,01 (*)		
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile				0,01 (*)		
0154010	Fraocháin	5	0,01 (*)	4			1,5
0154020	Mónóga	0,5	0,01 (*)	0,08			1,5
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	5	0,01 (*)	4			1,5
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	5	0,01 (*)	4			1,5
0154050	Mogóirí róis	5	0,01 (*)	4			0,01 (*)
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	5	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	5	0,2	0,8			0,01 (*)
0154080	Caora troim	5	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0154990	Eile (2)	5	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)

0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil				0,01 (*)		
0161000	(a) craiceann inite						
0161010	Dátaí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0161020	Figí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0161030	Ológa boird	0,01 (*)	0,01 (*)	3			0,02 (*)
0161040	Cumcuait	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0161050	Torthaí réaltúla	0,1	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*)	0,2	0,8			0,01 (*)
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0161990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag		0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	0,01 (*)					
0162020	Lítsíonna	0,01 (*)					
0162030	Páiseoga	4					
0162040	Piorraí deilgneacha	0,3					
0162050	Réalt-úlla	0,01 (*)					
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	0,01 (*)					
0162990	Eile (2)	0,01 (*)					
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór		0,01 (*)				
0163010	Abhacáid	0,01 (*)		0,01 (*)			0,02 (*)
0163020	Bananaí	2		0,01 (*)			0,01 (*)
0163030	Mangónna	4		0,7			0,01 (*)
0163040	Papánna	0,3		0,01 (*)			0,01 (*)
0163050	Pomagránaití	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163070	Guábhaí	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163080	Anainn	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163090	Torthaí aráin	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163100	Duraígh	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)

0163990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)			0,01 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE						
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair			0,05	0,01 (*)		0,01 (*)
0211000	(a) prátaí	7	0,02			0,1	
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha	1	0,02			0,01 (*)	
0212010	Casabhaigh						
0212020	Prátaí milse						
0212030	Ionaim						
0212040	Ararút						
0212990	Eile (2)						
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra					0,01 (*)	
0213010	Meacain bhiatais	1	0,01 (*)				
0213020	Meacain dhearga	1	0,01 (*)				
0213030	Soiliriach/soilire tornapa	1	0,01 (*)				
0213040	Meacain ragaim	1	0,01 (*)				
0213050	Bliosáin ghréine	1	0,02				
0213060	Meacain bhána	1	0,01 (*)				
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	1	0,01 (*)				
0213080	Raidisí	1,5	0,01 (*)				
0213090	Salsabh	1	0,01 (*)				
0213100	Svaeideanna	1	0,01 (*)				
0213110	Tornapaí	1	0,01 (*)				
0213990	Eile (2)	1	0,01 (*)				
0220000	Glasraí bleibíní	10			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0220010	Gairleog		0,01 (*)	0,05			
0220020	Oinniúin		0,01 (*)	0,05			
0220030	Seallóidí		0,01 (*)	0,05			
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		0,09	8			

0220990	Eile (2)		0,01 (*)	0,05			
0230000	Glasraí a thugann torthaí					0,01 (*)	
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae	3					
0231010	Trátaí		0,9	1	0,04		0,15
0231020	Piobair		1	1,5	0,06	(+)	0,01 (*)
0231030	Ubhthorthaí		0,9	1	0,02 (*)		0,15
0231040	Ocra		1	1,5	0,01 (*)		0,01 (*)
0231990	Eile (2)		1	1,5	0,01 (*)		0,01 (*)
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu	1	0,08	0,4	0,05		0,05
0232010	Cúcamaí						
0232020	Gircíní						
0232030	Cúirséid						
0232990	Eile (2)						
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	1	0,01 (*)	0,3	0,05		0,01 (*)
0233010	Mealbhacáin						
0233020	Puimcíní						
0233030	Mealbhacáin uisce						
0233990	Eile (2)						
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	0,9	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)		0,01 (*)		0,01 (*)		0,01 (*)
0241000	(a) praiséach bhlátha	5		2		0,05	
0241010	Brocaílí						
0241020	Cóilis						
0241990	Eile (2)						
0242000	(b) praiséach chinn	5		2		0,05	
0242010	Bachlóga Bruiséile						
0242020	Cabáistí cinn						

0242990	Eile (2)						
0243000	(c) praiseach dhuil-leach	6		0,01 (*)		0,01 (*)	
0243010	Cabáistí Síneacha						
0243020	Cáil						
0243990	Eile (2)						
0244000	(d) cáiráibí	5		2		0,01 (*)	
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite						
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	15	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain	(+)		0,01 (*)			
0251020	Leitísí			5			
0251030	Searbháin muc	(+)		0,01 (*)			
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	(+)		0,01 (*)			
0251050	Biolair thalún	(+)		0,01 (*)			
0251060	Ruachán Rómhánach	(+)		0,01 (*)			
0251070	Mustard dearg	(+)		0,01 (*)			
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	(+)		0,01 (*)			
0251990	Eile (2)			0,01 (*)			
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comh-chosúla	15	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí						
0252020	Puirsléáin						
0252030	Seardas/duilleoga biatais						
0252990	Eile (2)						
0253000	(c) duilleoga caor fín-iúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,3	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	70	1	0,02 (*)	0,02 (*)	0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg						
0256020	Síobhas						
0256030	Duilleoga soilire						

0256040	Peirsil						
0256050	Sáiste						
0256060	Marós						
0256070	Tím						
0256080	Basal agus bláthanna inite						
0256090	Duilleog labhrais						
0256100	Dragan						
0256990	Eile (2)						
0260000	Léagúim	3	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)			1,5			
0260020	Pónairí (gan faighneoga)			0,3			
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)			2			
0260040	Piseanna (gan faighneoga)			0,3			
0260050	Lintilí			0,01 (*)			
0260990	Eile (2)			0,01 (*)			
0270000	Glasraí gais					0,01 (*)	0,01 (*)
0270010	Lus súgach	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270020	Cardúin	15	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270030	Soilirí	15	0,01 (*)	15	0,01 (*)		
0270040	Finéal Fhlórans	10	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270050	Bliosáin chruinne	5	0,01 (*)	0,1	0,04		
0270060	Cainneanna	10	0,09	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270070	Biabhóg	0,6	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0270990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe						
0280020	Fungais fhiáine						
0280990	Caonaigh agus léicin						
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,15	0,2		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí			0,3			
0300020	Lintilí			0,01 (*)			

0300030	Piseanna			0,01 (*)			
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní			0,01 (*)			
0300990	Eile (2)			0,01 (*)			
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ				0,01 (*)		0,02 (*)
0401000	Olashíolta						
0401010	Ros lín	0,4	0,15	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401020	Piseanna talún	0,2	0,04	0,01 (*)		0,02	
0401030	Síolta poipín	0,5	0,15	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401040	Síolta seasamain	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401050	Síolta lus na gréine	0,5	0,01 (*)	0,5		0,01 (*)	
0401060	Síolta ráibe	0,5	0,2	0,8		0,01 (*)	
0401070	Pónairí soighe	0,5	0,08	0,4		0,01 (*)	
0401080	Síolta mustaird	0,5	0,15	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401090	Síolta cadáis	0,7	0,15	1,5		0,01 (*)	
0401100	Síolta puimcín	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401110	Síolta cróch bréige	0,4	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401120	Síolta borraíste	0,4	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401130	Caimilín	0,5	0,15	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401140	Síolta cnáibe	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401150	Pónairí ricne	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0401990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	
0402000	Olathorthaí		0,01 (*)			0,01 (*)	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,01 (*)		3			
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)		0,01 (*)			
0402030	Torthaí pailme oila	0,03		0,01 (*)			
0402040	Capac	0,01 (*)		0,01 (*)			
0402990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)			
0500000	GRÁNAIGH			0,01 (*)			
0500010	Eorna	1,5	1,5		0,1	0,01 (*)	0,04(+)
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 (*)	0,01 (*)		0,1	0,01 (*)	0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,02	0,02		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)

0500040	Muiléad coiteann	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0500050	Coirce	1,5	1,5		0,1	0,01 (*)	0,04(+)
0500060	Rís	5	0,01 (*)		0,01 (*)	2	0,01 (*)
0500070	Seagal	0,5	0,1		0,04	0,01 (*)	0,02
0500080	Sorgam	10	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0500090	Cruithneacht	0,5	0,1		0,04(+)	0,01 (*)	0,02
0500990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB				0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0610000	Taenna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)			
0620000	Pónairí caife	0,03	0,15	0,05			
0630000	Insiltí luibhe ó		0,05 (*)				
0631000	(a) bláthanna	60		0,05 (*)			
0631010	Camán meall						
0631020	Roiseog						
0631030	Rós						
0631040	Seasmáin						
0631050	Teile						
0631990	Eile (2)						
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna	60		0,05 (*)			
0632010	Sú talún						
0632020	Rooibos						
0632030	Maité						
0632990	Eile (2)						
0633000	(c) fréamhacha	0,3		0,2			
0633010	Caorthann corraigh						
0633020	Ginsing						
0633990	Eile (2)						
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda	0,05 (*)		0,05 (*)			
0640000	Pónairí cócó	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)			
0650000	Carúib	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)			
0700000	LEANNLUSANNA	30	0,05 (*)	0,05 (*)	5	0,05 (*)	0,05 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ						
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,3	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís						

0810020	Calaindí						
0810030	Soilire						
0810040	Lus an choire						
0810050	Cuimín						
0810060	Lus mín						
0810070	Finéal						
0810080	Feinigréag						
0810090	Noitmig						
0810990	Eile (2)						
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,3	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó						
0820020	Piobar Szechuan						
0820030	Cearbhas						
0820040	Cardamam						
0820050	Caor aitul						
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)						
0820070	Fanaile						
0820080	Tamarain						
0820990	Eile (2)						
0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal						
0830990	Eile (2)						
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm						
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,2	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)						
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,15	0,2	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)						
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,2	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh						
0850020	Caprais						
0850990	Eile (2)						
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch						
0860990	Eile (2)						

0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis						
0870990	Eile (2)						
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA				0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	5	0,01 (*)	0,05			
0900020	Cánaí siúcra	0,05	0,04	0,01 (*)			
0900030	Fréamhacha siocaire	0,09	0,01 (*)	0,05			
0900990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN						
1010000	Tráchtearraí ó				0,02 (*)		0,02 (*)
1011000	(a) mucra						
1011010	Matán	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	
1011020	Saill	0,05 (+)	0,03	0,5		0,05 (*)	
1011030	An t-ae	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1011040	An duán	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1011990	Eile (2)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	
1012000	(b) bó-ainmhí						
1012010	Matán	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	(+)
1012020	Saill	0,05 (+)	0,03	0,5		0,05 (*)	(+)
1012030	An t-ae	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1012040	An duán	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1012990	Eile (2)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	
1013000	(c) caoraigh						
1013010	Matán	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	(+)
1013020	Saill	0,05 (+)	0,03	0,5		0,05 (*)	(+)
1013030	An t-ae	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1013040	An duán	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1013990	Eile (2)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	

1014000	d) gabhar						
1014010	Matán	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	(+)
1014020	Saill	0,05 (+)	0,03	0,5		0,05 (*)	(+)
1014030	An t-ae	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1014040	An duán	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	(+)
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07 (+)	0,1	1,5		0,5	
1014990	Eile (2)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	
1015000	(e) eachaí						
1015010	Matán	0,01 (*)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	(+)
1015020	Saill	0,05	0,03	0,5		0,05 (*)	(+)
1015030	An t-ae	0,07	0,1	1,5		0,5	(+)
1015040	An duán	0,07	0,1	1,5		0,5	(+)
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07	0,1	1,5		0,5	
1015990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	
1016000	(f) éanlaith chlóis	0,01 (*) (+)	0,01 (*)			0,05 (*)	
1016010	Matán	(+)		0,02			
1016020	Saill	(+)		0,04			
1016030	An t-ae	(+)		0,15			
1016040	An duán	(+)		0,15			
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	(+)		0,15			
1016990	Eile (2)	(+)		0,01			
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile						
1017010	Matán	0,01 (*)	0,01 (*)	0,2		0,05 (*)	
1017020	Saill	0,05	0,03	0,5		0,05 (*)	
1017030	An t-ae	0,07	0,1	1,5		0,5	
1017040	An duán	0,07	0,1	1,5		0,5	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07	0,1	1,5		0,5	
1017990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01		0,05 (*)	
1020000	Bainne	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,02	0,02 (*)	0,05 (*)	0,02 (*)
1020010	Eallach	(+)					(+)
1020020	Caoirigh	(+)					(+)

1020030	Gabhar	(+)					(+)
1020040	Capall	(+)					(+)
1020990	Eile (2)	(+)					
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,15	0,02 (*)	0,05 (*)	0,02 (*)
1030010	An chearc	(+)					
1030020	Lacha	(+)					
1030030	Géanna	(+)					
1030040	Gearg	(+)					
1030990	Eile (2)	(+)					
1040000	Mil agus táirgí beachaíreachta eile (7)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	Débhheathaigh agus Reiptílí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01	0,02 (*)	0,05 (*)	0,02 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01	0,02 (*)	0,05 (*)	0,02 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01	0,02 (*)	0,05 (*)	0,02 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE EILE (8)						
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)						
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)						

(*) Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh

(†) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Asocsastróibin

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 1 Iúil 2017, nó, murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0251010 Ceathrúna uain

0251030 Searbháin muc

0251040 Biolair agus eascróga agus péacáin eile

0251050 Biolair thalún

0251060 Ruachán Rómhánach

0251070 Mustard dearg

0251080 Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 1 Iúil 2017, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1011000 (a) mucra
1011010 Matán
1011020 Saill
1011030 An t-ae
1011040 An duán
1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1011990 Eile(2)
1012000 (b) bó-ainmhí
1012010 Matán
1012020 Saill
1012030 An t-ae
1012040 An duán
1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1012990 Eile(2)
1013000 (c) caoirigh
1013010 Matán
1013020 Saill
1013030 An t-ae
1013040 An duán
1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1013990 Eile(2)
1014000 d) gabhair
1014010 Matán
1014020 Saill
1014030 An t-ae
1014040 An duán
1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1014990 Eile(2)
1016000 (f) éanlaith chlóis
1016010 Matán
1016020 Saill
1016030 An t-ae
1016040 An duán
1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1016990 Eile(2)
1020000 Baine
1020010 Eallach
1020020 Caoirigh
1020030 Gabhar
1020040 Capall
1020990 Eile(2)
1030000 Uibheacha éan
1030010 Sicín
1030020 Lacha
1030030 Géanna
1030040 Gearg
1030990 Eile(2)

Ciofluifeanaimíd (suim cíofluifeanaimíde (Z-isméir) agus a E-isméir, arna sloinneadh mar chiofluifeanaimíd) (R) (A)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal códuimhreacha-lotnaidicíd seo a leanas: Ciofluifeanaimíd — cód 1000000 seachas 1040000: suim cíofluifeanaimíde (Z-isméir), a E-isméir agus a meitibilít 149-F1, arna sloinneadh mar chiofluifeanaimíd

(A) Shainaithe saotharlanna tagartha AE an caighdeán tagartha don E-isméir agus do mheitibilít 149-F1 mar chaighdeán nach bhfuil ar fáil ó thaobh na tráchtála de. Agus na MRLanna á n-athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht tráchtála an chaighdeáin tagartha dá dtagraítear sa chéad abairt faoin 17 Meán Fómhair 2020, nó más rud é nach bhfuil an caighdeán tagartha sin ar fáil ó thaobh tráchtála de faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa infhaighteachta sin san áireamh.

Tá roinnt faisnéise faoi staidéir bheathaithe maidir le héanlaith chlóis sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 17/09/2021, nó, murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500090 Cruithneacht**Flutolainil (R)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal códuimhreacha-lotnaidicíd seo a leanas: cód 1000000, seachas cód 1040000: Flutolainil (Flutolainil agus meitibilít ina bhfuil an pháirt aigéid 2-trífluaraimetilbeasóch, arna sloinneadh mar fhlutolainil)

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 17 Aibreán 2017, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0231020 Piobair**Prócuineaisíd (R) (F)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal códuimhreacha-lotnaidicíd seo a leanas: Prócuineaisíd-cód 1000000 seachas 1040000: Suim prócuineaisíde agus meitibilíte 3-[(6-iaida-4-ocsó-3-próipil-3,4-déhidreacuineasóilin-2-yl)ocsó]aigéad própánóch(IN-MU210) arna sloinneadh mar phrócuineaisíd

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 16 Aibreán 2023, nó, murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500010 Eorna**0500050 Coirce**

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha a bhaineann le hiarmhair ar fhéar (comhpháirt thábhachtach den ualach a fhaigheann beostoc ón mbeatha) sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 16 Aibreán 2023, nó, murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1012010 Matán**1012020 Saill****1012030 An t-ae****1012040 An duán****1013010 Matán****1013020 Saill****1013030 An t-ae****1013040 An duán****1014010 Matán****1014020 Saill****1014030 An t-ae****1014040 An duán****1015010 Matán****1015020 Saill****1015030 An t-ae****1015040 An duán**

1020010 Eallach
 1020020 Caoirigh
 1020030 Gabhar
 1020040 Capall

(2) I gCuid A d'Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh eimimeictine:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(a)	Beansóat eimimeictine B1a, arna sloinneadh mar eimimeictín
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN	
0110000	Torthaí citris	0,01 (*)
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	Cnónna crann	0,01 (*)
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	Torthaí póma	0,02
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	

0130990	Eile (2)	
0140000	Torthaí cloiche	
0140010	Aibreoga	0,05
0140020	Silíní (iad milis)	0,04
0140030	Péitseoga	0,15
0140040	Plumaí	0,02
0140990	Eile (2)	0,01 (*)
0150000	Caora agus torthaí beaga	
0151000	(a) fionchaora	0,05
0151010	Fionchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) sútha talún	0,05
0153000	(c) torthaí cána	0,01 (*)
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile	0,01 (*)
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sreach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil	
0161000	(a) craiceann inite	0,01 (*)
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag	
0162010	Cíobháionna (iad glas, dearg agus buí)	0,15

0162020	Lítsíonna	0,01 (*)
0162030	Páiseoga	0,01 (*)
0162040	Piorraí deilgneacha	0,01 (*)
0162050	Réalt-úlla	0,01 (*)
0162060	Dátphlumáí Meiriceánacha	0,01 (*)
0162990	Eile (2)	0,01 (*)
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór	0,01 (*)
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraigh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE	
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0,01 (*)
0211000	(a) prátaí	
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra	
0213010	Meacain bhíatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	

0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	Glasraí bleibíní	0,01 (*)
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	Glasraí a thugann torthaí	
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae	0,02
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu	0,01 (*)
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	0,01 (*)
0233010	Mealbhacáin	
0233020	Puimcíní	
0233030	Mealbhacáin uisce	
0233990	Eile (2)	
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,02
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	
0241000	(a) praiséach bhlátha	0,01 (*)
0241010	Brocaílí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	
0242000	(b) praiséach chinn	0,01 (*)
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	(c) praiséach dhuilleach	0,03
0243010	Cabáistí Síneacha	

0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	(d) cáilríbí	0,01 (*)
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite	
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	
0251010	Ceathrúna uain	1
0251020	Leitísí	1
0251030	Searbháin muc	0,2
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	1
0251050	Biolair thalún	1
0251060	Ruachán Rómhánach	1
0251070	Mustard dearg	1
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	1
0251990	Eile (2)	1
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,2
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsléáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	1
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	Léagúim	
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	0,03
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	0,01 (*)
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	0,03
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	0,01 (*)

0260050	Lintilí	0,01 (*)
0260990	Eile (2)	0,01 (*)
0270000	Glasraí gais	
0270010	Lus súpach	0,01 (*)
0270020	Cardúin	0,01 (*)
0270030	Soilirí	0,01 (*)
0270040	Finéal Fhlórans	0,01 (*)
0270050	Bliosáin chruinne	0,1
0270060	Cainneanna	0,01 (*)
0270070	Biabhóg	0,01 (*)
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)
0270990	Eile (2)	0,01 (*)
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHÁÍ	0,01 (*)
0401000	Olashíolta	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	
0401040	Síolta seasamain	
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bréige	
0401120	Síolta borraíste	
0401130	Caimilín	

0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	
0402000	Olathorthaí	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme oila	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	
0610000	Taenna	0,02 (*)
0620000	Pónairí caife	0,02 (*)
0630000	Insiltí luibhe ó	
0631000	(a) bláthanna	0,02 (*)
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna	2
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) fréamhacha	0,02 (*)
0633010	Caorthann corraigh	

0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda	0,02 (*)
0640000	Pónairí cócó	0,02 (*)
0650000	Carúib	0,02 (*)
0700000	LEANNLUSANNA	0,02 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ	
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,02 (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,02 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitul	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	Spíosraí ó choirt	0,02 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm	
0840010	Liocras	0,02 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,02 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,02 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,02 (*)
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	

0850990	Eile (2)	
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,02 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	Spíosraí arail	0,02 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN	
1010000	Tráchtearraí ó	
1011000	(a) mucra	
1011010	Matán	0,01 (*)
1011020	Saill	0,02
1011030	An t-ae	0,08
1011040	An duán	0,08
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1011990	Eile (2)	0,01 (*)
1012000	(b) bó-ainmhí	
1012010	Matán	0,01 (*)
1012020	Saill	0,02
1012030	An t-ae	0,08
1012040	An duán	0,08
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1012990	Eile (2)	0,01 (*)
1013000	(c) caoraigh	
1013010	Matán	0,01 (*)
1013020	Saill	0,02
1013030	An t-ae	0,08
1013040	An duán	0,08
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1013990	Eile (2)	0,01 (*)
1014000	d) gabhar	
1014010	Matán	0,01 (*)
1014020	Saill	0,02

1014030	An t-ae	0,08
1014040	An duán	0,08
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1014990	Eile (2)	0,01 (*)
1015000	(e) eachaí	
1015010	Matán	0,01 (*)
1015020	Saill	0,02
1015030	An t-ae	0,08
1015040	An duán	0,08
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1015990	Eile (2)	0,01 (*)
1016000	(f) éanlaith chlóis	0,01 (*)
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile	
1017010	Matán	0,01 (*)
1017020	Saill	0,02
1017030	An t-ae	0,08
1017040	An duán	0,08
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,08
1017990	Eile (2)	0,01 (*)
1020000	Bainne	0,01 (*)
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	Míl agus táirgí beachaireacht eile (7)	0,05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,01 (*)

1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,01 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)	
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)	
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)	

(*) Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh

(^e) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I"

- (3) In Iarscríbhinn IV, cuirtear "aigéad aicéiteach", "sulfar aoil" agus "maltaideistrin" in ionad na n-iontrálacha le haghaidh "aigéad aicéiteach (¹)" "sulfar aoil (¹)" agus "maltaideistrin (¹)" faoi seach.

RIALACHÁN (AE) 2022/477 ÓN gCOIMISIÚN**an 24 Márta 2022****lena leasaítear Iarscríbhinní VI agus X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, maille le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 131 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, leagtar síos dualgais agus oibleagáidí clárúcháin sonracha ar mhonaróirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí iartheachtacha chun sonraí a ghiniúint maidir leis na substaintí a mhonaraíonn, a allmhairíonn nó a úsáideann siad, chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na substaintí sin agus chun bearta bainistithe riosca iomchuí a fhorbairt agus a mholadh.
- (2) Leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 na ceanglais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a)(i) go (v) agus pointe (x), den Rialachán sin. In hIarscríbhinní VII go X a ghabhann leis an Rialachán sin, leagtar amach ceanglais faisnéise chaighdeánacha maidir le substaintí a mhonaraítear nó a allmhairítear i gcainníochtaí aon tona amháin nó níos mó, 10 tona nó níos mó, 100 tona nó níos mó, agus 1 000 tona nó níos mó.
- (3) I mí an Mheithimh 2019 chinn an Coimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Gníomhaireacht') sa Phlean Gníomhaíochta Comhphárteach maidir leis an Meastóireacht ar REACH ⁽²⁾ gur cheart ceanglais faisnéise áirithe sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar i ndáil le hoibleagáidí na gcláraithe maidir le faisnéis a thíolacadh.
- (4) Chun soiléireacht oibleagáidí na gcláraithe a mhéadú, le Rialachán (AE) 2021/979 ⁽³⁾ ón gCoimisiún leasaíodh roinnt ceanglas faisnéise in Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus na rialacha ginearálta maidir le hoiriúnú an chórais tástála caighdeánaigh in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin, ach i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Comhphárteach Meastóireachta REACH tá roinnt ceanglas faisnéise fós le soiléiriú.
- (5) Dá bhrí sin, na ceanglais maidir le faisnéis chláraí ghinearálta agus faisnéis sainaitheantais na substaintí a bheidh le tíolacadh ag cláraí chun críoch ginearálta cláraithe, ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VI, ranna 1 agus 2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart na ceanglais sin a leasú.

⁽¹⁾ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

⁽²⁾ Plean Gníomhaíochta Comhphárteach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán maidir leis an Meastóireacht ar REACH, Meitheamh 2019 https://echa.europa.eu/documents/10162/21877836/final_echa_com_reach_evaluation_action_plan_en.pdf/0003c9fc-652e-5f0b-90f9-dff9d5371d17.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/979 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní VII agus XI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) (IO L 216, 18.6.2021, lch. 121)

- (6) Rialacha sonracha áirithe maidir le hoiriúnú ó na ceanglais faisnéise chaighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinní VII go X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart iad a leasú chun téarmaíocht aicmiú na substaintí guaiseacha a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear in Iarscríbhinn I, codanna 2 go 5, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (7) Rialacha sonracha maidir le hoiriúnú ón bhfaisnéis chaighdeánach a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le só-ghineacht agus tocsaineacht uisceach, ba cheart na rialacha sin a leasú ar mhaithe le soiléireacht agus chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis úsáideach ar fáil. Go sonrach, ba cheart foroinn 8.4 a leasú chun na hiarmhairtí ó thoradh deimhneach sa staidéar sócháin géine *in vitro* a shoiléiriú, mar aon leis na cásanna nach gá an staidéar a cheanglaítear faoi phointe 8.4.1 a dhéanamh. Ina theannta sin, codanna nach bhfuil tagairt do cheanglas maidir le faisnéis chaighdeánach iontu, ba cheart iad a bhaint amach as colún 1 de phointe 9.1.1, agus i gcolún 2 den phointe sin ba cheart tuairisc níos cruinne a thabhairt ar na cásanna nach gá an staidéar a dhéanamh agus ina n-éilítear tástáil tocsaineachta uiscí fadtéarmaí. Ba cheart Pointe 9.1.2 a mhodhnú chomh maith chun a shoiléiriú cé na cásanna nach gá an staidéar a dhéanamh.
- (8) Na ceanglais faisnéise maidir le tástáil le haghaidh só-ghineachta agus le haghaidh tocsaineacht atáirgthe, agus maidir le faisnéis éiceathocsaineolaíoch in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart iad a leasú chun oibleagáidí na gclártha a shoiléiriú. Go sonrach, sna rialacha maidir le tástáil le haghaidh só-ghineachta i bhforoinn 8.4, ba cheart na cásanna a shonrú nach n-éilítear an tástáil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin agus na cásanna ina n-éilítear an tástáil bhreise dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX. Thairis sin, ba cheart ainmníocht na staidéar i bpointe 8.4.2 a ailíniú le hainmníocht threoirhoiciméid theicniúla chomhfhreagracha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ⁽⁵⁾. Ina theannta sin, chun a áirithiú go nginfear faisnéis úsáideach ar thocsaineacht atáirgthe agus forbraíochta, ba cheart na speicis ainmhithe a mholtar agus na bealaí dáilte le haghaidh tástála a mholtar a chur le pointe 8.7.1, agus i dtaca le rialacha sonracha áirithe maidir le hoiriúnú, rialacha atá sna ceanglais faisnéise caighdeánaí, ba cheart iad a shoiléiriú. Ar deireadh, bhí ceanteideal foroinne 9.1 maidir le tocsaineacht uisceach in easnamh agus ba cheart é a chur isteach agus ba cheart an ceanglas maidir le tástáil tocsaineachta gearrthéarmaí ar éisc i bpointe 9.1.3 a leasú chun na codanna nach liostaítear faisnéis chaighdeánach iontu a bhaint amach as colún 1 agus chun a shoiléiriú i gcolún 2 na cásanna nach n-éilítear an tástáil. Ba cheart foroinn 9.2 maidir le díghrádú agus foroinn 9.3 maidir lena bhfuil i ndán don tsubstaint sa chomhshaol agus mar a imoibríonn sí leis an gcomhshaol, ba cheart iad sin a mhodhnú freisin d'fhonn tuairisc níos fearr a thabhairt ar na tosca ina n-éilítear tuilleadh faisnéise faoi dhíghrádú agus faoi bhithbhailiú chomh maith le staidéir bhreise ar dhíghrádú agus ar bhithbhailiú.
- (9) Ba cheart na ceanglais faisnéise maidir le tástáil le haghaidh só-ghineachta in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun a shonrú i bpointe 8.4.4 agus i bpointe 8.4.5 cé na staidéir atá le déanamh ar chealla sómacha mamaigh agus, nuair is ábhartha, ar ghaiméití mamaigh, chomh maith leis na cásanna inar gá na staidéir sin a dhéanamh. Ina theannta sin, na ceanglais faisnéise i bpointe 8.7.2 maidir le tástáil tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe sa chéad agus sa dara speiceas agus i bpointe 8.7.3 le haghaidh Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe ba cheart na ceanglais sin a shoiléiriú maidir leis na speicis ainmhithe a mholtar agus na bealaí dáilte a mholtar le haghaidh na tástála, mar aon le haon imeacht ó na rialacha ginearálta sin a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an roinn maidir le faisnéis éiceathocsaineolaíoch, ba cheart ceanglais faisnéise áirithe maidir le tástáil tocsaineachta fadtéarmaí ar éisc a bhaint amach ar chúiseanna a bhaineann le leas ainmhithe. Ba cheart foroinn 9.2 maidir le díghrádú a leasú freisin d'fhonn foclaíocht phointe 9.2.3 i dtaca le táirgí díghrádúcháin a shainaithint a ailíniú leis an bhforáil ábhartha in Iarscríbhinn XIII agus, dá réir sin, chun léiriú a dhéanamh ar an gceanglas leasaithe maidir le tástáil bhreise i dtaca le díghrádú. Ba cheart foroinn 9.4 maidir le héifeachtaí ar orgánaigh thalún a leasú freisin chun a shoiléiriú gur chóir don chláraí staidéar tocsaineachta fadtéarmaí mholadh nó go bhféadfadh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh maidir le substaintí a bhfuil acmhainneacht ard acu asú go hithir nó maidir le substaintí atá an-imchoimeádach.
- (10) Ba cheart Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun ceanglais faisnéise áirithe maidir le só-ghineacht, tocsaineacht forbraíochta agus atáirgthe agus maidir le faisnéis éiceathocsaineolaíoch a shoiléiriú. Go sonrach, sna leasuithe sin ba cheart tuairisc a thabhairt ar na cásanna ina n-éilítear an dara staidéar *in-vivo* ar chealla sómacha nó an dara staidéar *in-vivo* ar ghaiméití mamach agus ba cheart a shonrú gur gá na staidéir sin a dhéanamh ar speicis mhamacha. Ba cheart na staidéir sin agus na ceisteanna maidir le só-ghineacht a dtabharfar aghaidh orthu sna staidéir sin, ba cheart iad a liostú i dteannta a chéile. Ina theannta sin, na ceanglais faisnéise maidir le Staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe agus Staidéar Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe, ba cheart na ceanglais sin a leasú chun a shoiléiriú gur gá staidéar a dhéanamh ar an dara speiceas agus gur gá rogha an dara speiceas a bheith ann mar aon leis na bealaí dáilte a mholtar maidir le tástáil

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

⁽⁵⁾ OECD TG (Treoirlínte Tástála ECFE) 473 agus 487.

agus imeacht ó na rialacha ginearálta. Thairis sin, níl gá a thuilleadh leis an tagairt i bpointe 9.2.1 do cheanglas sonracha maidir le díghrádú bitheach agus ba cheart an tagairt sin a scriosadh dá bhrí sin, agus ba cheart rialacha sonracha ábhartha maidir le hoiriúnú, i bhforoinn 9.2, a leasú dá réir sin. Ar deireadh, ba cheart a shoiléiriú i bhforoinn 9.4, agus i bpointe 9.5.1 freisin, go n-éilítear, de bhreis ar an tástáil ar tháirgí díghrádaithe, tástáil tocsaineachta fadtéarmaí a dhéanamh ar tháirgí trasfhoirmiúcháin chomh maith le táirgí díghrádaithe chun a n-éifeachtaí ar orgánaigh thalún agus dríodair a imscrúdú.

- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.
- (12) Tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe soiléirithe a sholáthar maidir le ceanglais faisnéise chaighdeánacha agus rialacha sonracha maidir lena n-oiriúnú, mar aon leis an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir leis na cleachtais mheastóireachta a chuir an Ghníomhaireacht i bhfeidhm cheana féin. Mar sin féin, ní féidir a chur as an áireamh nach mór sainchomhaid chlárúcháin áirithe a thabhairt cothrom le dáta mar thoradh ar na leasuithe. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.
- (13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VI go X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 14 Deireadh Fómhair 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.1:

“1.1.1. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist”;

(b) cuirtear isteach an pointe 1.1.4 seo a leanas:

“1.1.4. I gcás inar ceapadh ionadaí aonair i gcomhréir le hAirteagal 8(1), an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a cheap an t-ionadaí aonair: ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, an teagmhálaí, suíomh nó suíomhanna an láithreáin táirgthe nó an láithreáin foirmlíúcháin, de réir mar is iomchuí, suíomh gréasáin na cuideachta, de réir mar is iomchuí, agus uimhir nó uimhreacha aitheantais cuideachta náisiúnta, de réir mar is iomchuí.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 1.2:

“1.2. Sonraí a thíolacadh go comhpháirteach

Déantar foráil le hAirteagail 11 agus 19 maidir leis an bhféidearthacht go dtíolacfaidh príomhchláraí codanna den fhaisnéis chlárúcháin thar ceann cláraithe eile.

Nuair a thíolacfaidh an príomhchláraí, i gcomhréir le hAirteagal 11(1), an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a)(iv), (vi), (vii) agus (ix), tabharfaidh an príomhchláraí tuairisc ar chomhdhéanamh, nanafhoirm nó tacar de nanafhoirmeacha comhchosúla lena mbaineann an fhaisnéis sin i gcomhréir le pointí 2.3.1 go 2.3.4 agus le foroinn 2.4 den Iarscríbhinn seo. Maidir le gach cláraí a bheidh ag brath ar fhaisnéis a thíolaic an príomhchláraí, cuirfidh sé in iúl cé acu faisnéis arna tíolacadh amhlaidh a bhaineann le cibé comhdhéanamh, nanafhoirm nó tacar de nanafhoirmeacha comhchosúla den tsubstaint a bheidh sainaitheanta ag an gcláraí i gcomhréir le hAirteagal 10, pointe (a)(ii), agus le hAirteagal 11(1).

Nuair a thíolacfaidh cláraí, i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a)(iv), (vi), (vii) nó (ix) go leithleach, tabharfaidh an cláraí tuairisc ar chomhdhéanamh na substainte, ar nanafhoirm nó ar thacar de nanafhoirmeacha comhchosúla na substainte lena mbaineann an fhaisnéis sin i gcomhréir le pointí 2.3.1 go 2.3.4 agus le foroinn 2.4 den Iarscríbhinn seo.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.3.1:

“1.3.1. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 2.1:

“2.1. Ainm gach substainte agus aon aitheantóir eile atá aici”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.1:

“2.1.1. Ainm nó ainmneacha in ainmníocht Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí (IUPAC). Mura bhfuil an t-ainm nó na hainmneacha sin ar fáil, ainm ceimiceach idirnáisiúnta eile nó ainmneacha ceimiceacha idirnáisiúnta eile”;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.3:

“2.1.3. Uimhir CE, i.e. Einecs (Fardal Eorpach de Shubstaintí Ceimiceacha Tráchtálacha Reatha), Elincs (an Liosta Eorpach de Shubstaintí Ceimiceacha Fógartha) nó uimhir NLP (substaintí atá ar an liosta de “shubstaintí nach polaiméirí iad a thuilleadh”), nó an uimhir arna sannadh ag an nGníomhaireacht (má tá sí ar fáil agus más iomchuí)”;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.5:

“2.1.5. Cód aitheantais eile, — an uimhir chustaim, mar shampla (má tá sí ar fáil)”;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 2.2:

“2.2. Faisnéis a bhaineann le foirmle mhóilíneach agus struchtúrach gach substainte nó le struchtúr criostail gach substainte”;

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.1:

“2.2.1. An fhoirmle mhóilíneach agus an fhoirmle struchtúrach (lena n-áirítear nodaireacht SMILES agus léiriú eile má tá sé ar fáil) agus tuairisc ar an struchtúr criostail nó ar na struchtúir chriostail”;

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2.3.1. go 2.3.7:

“2.3.1. Grád na híonachta (%), más infheidhme

2.3.2. Ainmneacha na gcomhábhar agus na n-eisíontas

Maidir le substaint nach fios a comhdhéanamh nó a mbíonn a comhdhéanamh ag athrú, táirgí imoibriúcháin casta nó ábhair bhitheolaíocha (UVCB):

- ainmneacha na gcomhábhar atá ann ag tiúchan $\geq 10\%$;
- ainmneacha na gcomhábhar a shainnítear, atá ann, ag tiúchan $< 10\%$;
- maidir le comhábhair nach féidir a shainnínt go haonarach, tuairisc ar na grúpaí comhábhar de réir a nádúr ceimiceach;
- tuairisc ar an tionscnamh nó ar an bhfoinse agus ar an bpróiseas monaraíochta

2.3.3. Tiúchan tipiciúil agus raon tiúchana (mar chéatadán) na gcomhábhar, na ngrúpaí comhábhar nach féidir a shainnínt go haonarach agus na n-eisíontas mar a shonraítear i bpointe 2.3.2

2.3.4. Ainmneacha agus raon tipiciúil agus raon tiúchana (mar chéatadán) na mbreiseán

2.3.5. Na sonraí cáilíochtúla anailíseacha sonracha uile is gá chun an tsubstaint a shainnínt, amhail sonraí ó anailísí ultraivialaite, infridhearga, athshondais mhaighnéadaigh núicléach, speictrim maise nó díraonta

2.3.6. Na sonraí cáilíochtúla anailíseacha sonracha uile is gá chun an tsubstaint a shainnínt, amhail sonraí ó anailísí crómatagrafacha, tíotraméadracha, eiliminteacha nó díraonta

2.3.7. Tuairisc ar na modhanna anailíseacha nó na tagairtí bibleagrafaíochta iomchuí is gá chun an tsubstaint a shainnínt (lena n-áirítear a comhábhair a shainnínt agus a chainníochtú, mar aon lena heisíontais agus a breiseáin, i gcás inarb iomchuí). Is éard a bheidh sa tuairisc na prótacail thurgnamhacha a leanadh agus an léirmhíniú ábhartha ar na torthaí a tuairiscíodh faoi phointí 2.3.1 go 2.3.6. Beidh an fhaisnéis sin leordhóthanach le gur féidir na modhanna a atáirgeadh.”;

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.6:

“2.4.6. Tuairisc ar na modhanna anailíseacha nó na tagairtí bibleagrafaíochta iomchuí le haghaidh na n-eilimintí faisnéise san fhoroinn seo (2.4). Is éard a bheidh sa tuairisc na prótacail thurgnamhacha a leanadh agus an léirmhíniú ábhartha ar na torthaí a tuairiscíodh faoi phointí 2.4.2 go 2.4.5. Beidh an fhaisnéis sin leordhóthanach le gur féidir na modhanna a atáirgeadh.”;

(m) cuirtear isteach an fhoroinn 2.5 seo a leanas:

“2.5. Aon fhaisnéis eile atá ar fáil agus atá ábhartha chun an tsubstaint a shainnínt”;

(n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 3.5:

“3.5. Tuairisc ghinearálta ar an úsáid nó ar na húsáidí a sainnínt”;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i bhforoinn 8.4, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

“8.4. I gcás ina bhfaightear toradh deimhneach, is ábhar imní, sa staidéar sócháin géine *in vitro* i mbaictéir dá dtagraítear i bpointe 8.4.1 den Iarscríbhinn seo, déanfaidh an cláraí staidéar *in vitro* dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 8.4.2. Bunaithe ar thoradh deimhneach in aon cheann de na staidéir géineatocsaineachta *in vitro*, molfaidh an cláraí staidéar *in vivo* iomchuí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.4.4. nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh. Sa staidéar *in vivo* tabharfar aghaidh ar an imní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sóchán géine, nó ar an dá ábhar imní, de réir mar is iomchuí.

Ní gá an staidéar sócháin géine *in vitro* i mbaictéir a dhéanamh i gcás nach an tástáil sin infheidhme maidir leis an tsubstaint. Sa chás sin, soláthróidh an cláraí réasúnú agus déanfaidh sé staidéar *in vitro* dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 8.4.2. I gcás ina bhfaightear toradh deimhneach sa staidéar sin, déanfaidh an cláraí staidéar *in vitro* ar chitigineacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 8.4.2. Bunaithe ar thoradh deimhneach a bhfaightear in aon cheann de na staidéir géineatocsaineachta *in vitro* sin, nó i gcás nach bhfuil aon cheann de na tástálacha *in vitro* in

	<p>Iarscríbhinn VIII infheidhme maidir leis an tsubstaint, molfaidh an cláraí staidéar <i>in vitro</i> iomchuí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.4.4, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh. Sa staidéar <i>in vivo</i> tabharfar aghaidh ar an inní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sócháin géine, nó ar an dá ábhar inní, de réir mar is iomchuí.</p> <p>Ní gá an staidéar sócháin géine <i>in vitro</i> i mbaictéir dá dtagraítear i bpointe 8.4.1. a dhéanamh, ná an tástáil leantach, in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — is eol gur substaint í is cúis le só-ghineacht ghaiméite, agus dá réir sin go gcomhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is eol gur carcanaigin ghéineatocsaineach í an tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A, 1B nó 2 agus freisin san aicme ghuaise carcanaigineacht chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme.”;
--	---

(b) i bpointe 8.4.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“8.4.1. I gcás nanafhoirmeacha, ní gá an staidéar sócháin géine <i>in vitro</i> i mbaictéir a dhéanamh i gcás nach bhfuil sé iomchuí. I gcás mar sin, soláthrófar staidéar <i>in vitro</i> dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 8.4.3.”;</p>
--	--

(c) i bpointe 9.1.1, i gcolún 1, scriostar an dara mír.

(d) i bpointe 9.1.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“9.1.1. Ní gá an staidéar a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — tá tosca ann a thugann le fios gurb éadóigh go dtarlóidh tocsaineacht uisceach ghearrthéarmach, mar shampla i gcás inar substaint í atá an-dothuaslachta in uisce nó gurb éadóigh go dtrasnóidh an tsubstaint scannáin bhitheolaíochta, — cás ina bhfuil staidéar tocsaineachta uiscí fadtéarmaí ar inveirteabraigh ar fáil. <p>I gcás nanafhoirmeacha, ní fhéadfar an staidéar a tharscaoileadh agus gan de bhonn leis sin ach dothuaslachta ard in uisce.</p> <p>Féadfaidh an cláraí tástáil tocsaineachta fadtéarmaí a mholadh in ionad tástáil maidir le tocsaineacht ghearrthéarmach.</p> <p>Molfaidh an cláraí tástáil tocsaineachta fadtéarmaí ar inveirteabraigh (is é <i>Daifnia</i> an speiceas a mholtar) (Iarscríbhinn IX, pointe 9.1.5), nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh, nuair is éadóigh gurbh fhéidir fiorthomhas ar thocsaineacht uisceach intreach na substainte a sholáthar trí thástáil ar thocsaineacht ghearrthéarmach uisceach, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — más bocht an intuaslachta atá ag an tsubstaint in uisce (intuaslachta faoi bhun 1 mg/L), nó — i gcás nanafhoirmeacha ag a bhfuil ráta íseal tuaslagaíochta sa mheán tástála ábhartha.”;
--	---

(e) i bpointe 9.1.2, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“9.1.2. Ní gá an staidéar a dhéanamh má tá tosca ann a thugann le fios gur éadóigh go dtarlóidh tocsaineacht uisceach, mar shampla i gcás inar substaint í atá an-dothuaslachta in uisce nó gurb éadóigh go dtrasnóidh an tsubstaint scannáin bhithleolaíocha.</p> <p>I gcás nanafhoirmeacha, ní fhéadfar an staidéar a tharscaoileadh agus gan de bhonn leis sin ach dothuaslachacht ard in uisce.”;</p>
--	--

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) i bhforoinn 8.4, i gcolún 2, cuirtear an téacs seo a leanas leis:

	<p>“8.4. Ní gá na staidéir dá dtagraítear i bpointí 8.4.2 agus 8.4.3 a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — tá sonraí leordhóthanacha ar fáil ón staidéar <i>in vivo</i> comhfhreagrach, (is é sin an staidéar saofa crómasóim <i>in vivo</i> (nó maidir le micreanúicléas) i dtaca le pointe 8.4.2 nó an staidéar sócháin géine mamaigh <i>in vivo</i> i dtaca le pointe 8.4.3), — is eol gur substaint í is cúis le só-ghineacht ghaiméite, agus dá réir sin go gcomhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineach gaiméite chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is eol gur carcanaigin ghéineatocsaineach í an tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A, 1B nó 2 agus freisin san aicme ghuaise carcanaigineacht chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme. <p>I gcás ina bhfaightear toradh deimhneach, is ábhar inní, in aon cheann de na staidéir géineatocsaineachta <i>in vitro</i> maidir dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII nó san Iarscríbhinn seo, molfaidh an cláraí staidéar <i>in vitro</i> iomchuí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.4, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh. Sa staidéar <i>in vivo</i> tabharfar aghaidh ar an inní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sóchán géine, nó ar an dá ábhar inní, de réir mar is iomchuí.</p> <p>I gcás nach bhfuil ceann de na staidéir só-ghineachta <i>in vitro</i> dá dtagraítear i bpointí 8.4.2 nó 8.4.3 infheidhme maidir leis an tsubstaint, soláthróidh an cláraí réasúnú agus molfaidh sé staidéar <i>in vitro</i> iomchuí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.4.4, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh. Sa staidéar <i>in vivo</i> tabharfar aghaidh ar an inní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sóchán géine, nó ar an dá ábhar inní, de réir mar is iomchuí.”;</p>
--	--

(b) i bpointe 8.4.2, i gcolún 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

“8.4.2. Staidéar saofa crómasóim mamaigh <i>in vitro</i> nó staidéar micreanúicléis mamaigh <i>in vitro</i> ”;	
--	--

(c) i bpointe 8.4.2, scriostar an téacs i gcolún 2;

(d) i bpointe 8.4.3, scriostar an téacs i gcolún 2;

(e) i bpointe 8.6.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití sa séú mír:

	“Molfaidh an cláraí staidéir bhreise nó féadfaidh an Ghníomhaireacht iad a éileamh sna cásanna seo a leanas.”;
--	--

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8.7.1:

<p>“8.7.1 Scagthástáil maidir le tocsaineacht atáirgthe/forbraíochta (OECD TG (Treoirlínte Tástálacha ECFE) 421 nó TG 422); is é an francach an speiceas a mholtar. Maidir le bealach an dáilte, is tríd an mbéal a dháilfear an tsubstaint más solad nó leacht í, agus dáilfear an tsubstaint trí ionanálú más gás í; féadfar imeacht ón mbealach dáilte má bhíonn údar eolaíoch leis sin, cuir i gcás e bharr fianaise go bhfuil nochtadh córasach coibhéiseach nó níos airde ann trí bhealach ábhartha eile nochtadh don duine nó trí thocsaineacht atá sonrath don bhealach.</p>	<p>8.7.1 Ní gá an staidéar sin a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — is eol gur carcanaigin ghéineatocsaineach í an tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A, 1B nó 2 agus freisin san aicme ghuaise carcanaigineacht chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is eol gur só-ghineach gaiméite í an tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is féidir nochtadh ábhartha don duine a chur as an áireamh i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, Roinn 3, — tá staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe (OECD TG 414) ar fáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.7.2 nó tá Staidéar Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe (OECD TG 443) ar fáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.7.3, sin nó tá molta ag an gcláraí go ndéanfaí staidéir den chineál sin; nó tá Staidéar Dhá Ghlúin maidir le Tocsaineacht Atáirgthe (OECD TG 416) ar fáil, — is eol drochéifeacht a bheith ag an tsubstaint ar an bhfeidhmiú gnéasach nó ar thorthúlacht, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise tocsaineacht atáirgthe chatagóir 1A nó 1B: D’fhéadfadh sí damáiste a dhéanamh don torthúlacht (H360F), agus is leor na sonraí atá ar fáil mar thaca le measúnú riosca stóinsithe, — is eol gur substaint í is cúis le tocsaineacht fhorbraíochta, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise tocsaineacht atáirgthe chatagóir 1A nó 1B: D’fhéadfadh sí damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn (H360D), agus is leor na sonraí atá ar fáil mar thaca le measúnú riosca stóinsithe. <p>I gcás cúiseanna móra inní faoi éifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ann ar an bhfeidhmiú gnéasach, ar an torthúlacht nó ar an bhforbraíocht, molfaidh an cláraí Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe (OECD TG 414), dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.7.3, sin nó molfaidh sé staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe (OECD TG 414) dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, pointe 8.7.2 in ionad an staidéir scagtha (OECD TG 421 nó 422) chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh. Tá siad seo a leanas, agus ábhair eile, ar na hábhair mhóra inní sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leis an bhfeidhmiú gnéasach, leis an torthúlacht nó le forbraíocht, iad bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil, agus dá réir sin nach comhlíonann na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise tocsaineacht atáirgthe chatagóir 1A nó 1B, — tocsaineacht forbraíochta nó atáirgthe a d’fhéadfadh a bheith ag an tsubstaint agus an fhéidearthacht sin arna thuar de dhroim faisnéis faoi shubstaintí atá gaolmhar ó thaobh struchtúir de, nó de dhroim meastacháin (Q)SAR nó modhanna <i>in vitro</i>.”;
--	---

(g) i bpointe 8.8.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

	<p>“I gcás nanafhoirmeacha nach bhfuil ráta ard tuaslagáíochta acu sna meáin bhitheolaíocha, molfaidh an cláraí go ndéanfaí staidéar maidir le tocsainchínéitic nó féadfaidh an Ghníomhaireacht an staidéar sin a éileamh i gcás nach féidir measúnú den sórt sin a dhéanamh ar bhonn na faisnéise ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis ón staidéar a rinneadh i gcomhréir le 8.6.1.”;</p>
--	--

(h) cuirtear an fhoroinn 9.1 seo a leanas isteach:

<p>“9.1. Tocsaineacht uisceach”</p>	<p>9.1. Más rud é go dtugtar le fios leis an measúnú ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá staidéar tocsaineachta uiscí fadtéarmaí a dhéanamh mar aon le tástáil tocsaineachta uiscí gearrthéarmaí, dá dtagraítear in larscríbhinn IX, foroinn 9.1, chun imscrúdú breise a dhéanamh ar éifeachtaí na substainte ar orgánaigh uisceacha, mar shampla nuair atá gá le faisnéis bhreise chun PNEC (tíúchan thuartha na neamhéifeachta) a mhionchoigeartú, nó i gcás i bhfuil gá le tuilleadh faisnéise ar thocsaineacht mar a leagtar amach in larscríbhinn XIII, pointe 3.2.3 chun airíonna PBT ó vPvB na substainte a mheasúnú, molfaidh an cláraí go ndéanfaí tástáil den chineál sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh.</p> <p>Roghnófar an tástáil iomchuí nó na tástálacha iomchuí ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach.”;</p>
-------------------------------------	---

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.1.3:

<p>“9.1.3. Tástáil tocsaineachta gearrthéarmaí ar éisc</p>	<p>9.1.3. Ní gá an staidéar a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — tá tosca ann a thugann le fios gurb éadóigh go dtarlóidh tocsaineacht uisceach ghearrthéarmach, mar shampla i gcás inar substaint í atá an-dothuaslachta in uisce nó gurb éadóigh go dtrasnóidh an tsubstaint scannáin bhitheolaíocha, — tá staidéar tocsaineachta uiscí fadtéarmaí ar éisc ar fáil. <p>I gcás nanafhoirmeacha, ní fhéadfar an staidéar a tharscaoileadh agus gan de bhonn leis sin ach dothuaslachthacht ard in uisce.</p> <p>Féadfaidh an cláraí tástáil tocsaineachta fadtéarmaí a mholadh in ionad tástáil maidir le tocsaineacht ghearrthéarmach.</p> <p>Molfaidh an cláraí tástáil tocsaineachta fadtéarmaí ar éisc dá dtagraítear in larscríbhinn IX, pointe 9.1.6, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh nuair éadóigh gurbh féidir fiorthomhas ar thocsaineacht uisceach intreach na substainte a sholáthar trí thástáil ar thocsaineacht ghearrthéarmach, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> — más bocht an intuaslachthacht atá ag an tsubstaint in uisce (faoi bhun 1 mg/L), nó — i gcás nanafhoirmeacha ag a bhfuil ráta íseal tuaslagáíochta sa mheán tástála ábhartha.”;
--	--

(j) i bhforoinn 9.2, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“9.2. Molfar faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le díghrádú nó tuilleadh tástála a dhéanamh maidir le díghrádú mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IX má thugtar le fios leis an measúnú ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn I go bhfuil gá leis sin chun díghrádú na substainte a imscrúdú a thuilleadh. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh sa chás go n-éilítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, pointe 3.2.1 chun airíonna PBT (substaintí atá marthanach, bithbhailitheach agus tocsaineach) nó vPvB (substaintí atá an-imchoimeádach agus an-inbhithbhailitheach) na substainte a mheasúnú i gcomhréir le foroinn 2.1 den Iarscríbhinn sin.</p> <p>I gcás nanafhoirmeacha nach bhfuil intuaslagtha, ná nach bhfuil ráta ard tuaslagáíochta acu, leis an tástáil den sórt sin nó le tástálacha den sórt sin measfar trasfhoirmiúchán moirfeolaíoch (e.g. athruithe dochúlaithe ar mhéid, cruth agus airíonna dromchla na gcáithníní, agus ar chailleadh bhrait), trasfhoirmiúcháin ceimiceach (e.g. ocsaídiú, dí-ocsaídiú) agus díghrádú aibitheach eile (e.g. fótalú).</p> <p>Roghófar an tástáil nó na tástálacha is iomchuí ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach.</p> <p>Más rud é go n-éilítear tuilleadh tástála a dhéanamh chun faisnéis bhreise a ghiniúint i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, molfaidh an cláraí an tástáil sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht an tástáil sin a éileamh.”;</p>
--	---

(k) i bhfophointe 9.2.2.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“9.2.2.1. Ní gá an staidéar a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — is substaint í atá so-bhithdhíghrádaithe, — is substaint í atá an-dothuaslagtha in uisce, — bunaithe ar an struchtúr, níl aon ghrúpa ceimiceach ag an tsubstaint ar grúpaí iad ar féidir leo hidrealú. <p>I gcás nanafhoirmeacha, ní fhéadfar an staidéar a tharscaoileadh agus gan de bhonn leis sin ach dothuaslagthacht ard in uisce.”;</p>
--	--

(l) i bhforoinn 9.3, i gcolún 2, cuirtear an téacs seo a leanas leis:

	<p>“9.3. Ginfear tuilleadh faisnéise maidir le bithbhailiú má éilítear faisnéis bhreise maidir le bithbhailiú mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, pointe 3.2.2, chun airíonna PBT nó vPvB na substainte a mheasúnú i gcomhréir le foroinn 2.1. den Iarscríbhinn sin.</p> <p>Más rud é go n-éilítear tuilleadh tástála a dhéanamh chun faisnéis bhreise a ghiniúint i gcomhréir le hIarscríbhinn IX nó le hIarscríbhinn X, molfaidh an cláraí an tástáil sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht an tástáil sin a éileamh.”;</p>
--	---

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) i bpointe 7.1.6, scriostar an dara pointe urchair i gcolún 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 8.4:

<p>“8.4. Só-ghineacht”</p>	<p>8.4. Ní gá na staidéir dá dtagraítear i bpointí 8.4.4 agus 8.4.5 a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — is eol gur substaint í is cúis le só-ghineacht gaiméite, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is eol gur carcanaigin ghéineatocsaineach í tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A, 1B nó 2 agus freisin san aicme ghuaise carcanaigineacht chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme.”;
----------------------------	--

(c) cuirtear isteach na pointí 8.4.4 agus 8.4.5 seo a leanas:

<p>“8.4.4. Staidéar géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i> iomchuí, má tá toradh deimhneach is ábhar imní in aon cheann de na staidéir <i>in vitro</i> maidir le géineatocsaineacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII nó in Iarscríbhinn VIII. Sa staidéar géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i> tabharfar aghaidh ar an imní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sóchán géine, nó ar an dá ábhar imní, de réir mar is iomchuí.</p>	<p>8.4.4. Ní gá an staidéar géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i> a dhéanamh má tá torthaí leordhóthanacha ar fáil ó staidéar <i>in vivo</i> iomchuí maidir le géineatocsaineacht cille sómaí mamaigh.</p>
<p>8.4.5. Staidéar géineatocsaineachta gaiméite mamaigh <i>in vivo</i> iomchuí, má tá toradh deimhneach, is ábhar imní, i staidéar <i>in vivo</i> maidir le géineatocsaineacht cille sómaí mamaigh. Sa staidéar géineatocsaineachta gaiméite mamaigh <i>in vivo</i> tabharfar aghaidh ar an imní maidir le saobhadh crómasóim nó maidir le sóchán géine, nó ar an dá ábhar imní, de réir mar is iomchuí.</p>	<p>8.4.5. Ní gá an staidéar a dhéanamh má tá fianaise shoiléir ann nach sroicheadh an tsubstaint ná a meitibilítí na gaiméití.”;</p>

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8.7.2:

<p>“8.7.2 Staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe (OECD TG 414) ar speiceas amháin; is é an francach nó an coinín an speiceas a mholtar. Maidir le bealach an dáilte, is tríd an mbéal a dháilfear an tsubstaint más solad nó leacht í, agus dáilfear an tsubstaint trí ionanálú más gás í; féadfar imeacht ón mbealach dáilte má bhíonn údar eolaíoch leis sin, cuir i gcás de bharr fianaise go bhfuil nochtadh córasach coibhéiseach nó níos airde ann trí bhealach ábhartha eile nochtta don duine nó trí thocsaineacht atá sonrach don bhealach.</p>	<p>8.7.2. Molfaidh an cláraí staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe ar an dara speiceas, is é sin an speiceas eile a mholtar seachas an speiceas a úsáideadh sa chéad staidéir, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht staidéar den chineál sin a éileamh, má tá imní ann maidir le tocsaineacht forbraíochta bunaithe ar thordadh an chéad staidéir agus ar na sonraí ábhartha eile go léir. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh má léiríonn an staidéar ar an gcéad speiceas tocsaineacht forbraíochta, agus dá réir sin nach gcomhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise tocsaineacht atáirgthe 1A nó 1B; D’fhéadfadh sí damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn (H360D). Beidh údar eolaíoch le haon imeacht ón réamhbhealach riartha agus le haon imeacht ón rogha speicis.”;</p>
---	--

- (e) i bpointe 8.7.3, i gcolún 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

<p>“8.7.3. Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe, (OECD TG 443), bundearadh tástála (cohóirt 1A agus 1B gan síneadh chun glúin F2 a chur san áireamh), speiceas amháin, má léiríonn na staidéir tocsaineachta ildáileoige atá ar fáil (e.g. staidéir 28 lá nó 90 lá, nó staidéir scagtha OECD TG 421 nó 422) éifeachtaí díobhálacha ar orgáin nó ar fhíocháin atáirgthe nó má léiríonn siad ábhar inní eile maidir le tocsaineacht atáirgthe. Maidir le bealach an dáilte, is tríd an mbéal a dháilfear an tsubstaint más solad nó leacht í, agus dáilfear an tsubstaint trí ionanálú más gás í; féadfar imeacht ón mbealach dáilte má bhíonn údar eolaíoch leis sin, cuir i gcás de bharr fianaise go bhfuil nochtadh córasach coibhéiseach nó níos airde ann trí bhealach ábhartha eile nochtta don duine nó trí thocsaineacht atá sonrath don bhealach.”;</p>	
--	--

- (f) i bpointe 8.7.3, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití sa chéad mhír:

	<p>“8.7.3. Molfaidh an cláraí Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe mar aon le síneadh a chur le cohóirt 1B chun glúin F2 a chur san áireamh nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh sna cásanna seo a leanas.”;</p>
--	--

- (g) i bpointe 8.7.3, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití sa dara mír:

	<p>“Molfaidh an cláraí Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe lena n-áirítear cohóirt 2A/2B (néarthocsaineacht forbraíochta) agus/nó cohóirt 3 (tocsaineacht imdhíonachta fhorbraíochta), nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh i gcás ina bhfuil ábhar inní ar leith ann maidir le néarthocsaineacht (forbraíochta) nó le tocsaineacht imdhíonachta (fhorbraíochta) a bhfuil údar leis de bharr aon cheann díobh seo a leanas.”;</p>
--	--

- (h) i bhfoinín 9.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>“9.1. Más rud é go dtugtar le fios leis an measúnú ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá tástáil tocsaineachta fadtéarmaí seachas na tástálacha dá dtagraítear i bpointe 9.1.5 agus i bpointe 9.1.6 chun imscrúdú breise a dhéanamh ar éifeachtaí na substainte ar orgánaigh uisceacha nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin éileamh. Roghnófar an tástáil nó na tástálacha ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach.”;</p>
--	--

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9.1.6:

<p>“9.1.6. Tástáil tocsaineachta fadtéarmaí ar éisc, (mura soláthraítear sin cheana mar chuid de cheanglais Iar-scríbhinn VIII).</p>	<p>9.1.6. I dtaca le tástálacha ar éisc maidir le tocsaineacht ghearrthéarmach i staid an tsutha agus i staid an ghilidín saic (OECD TG 212), ar cuireadh tús leo roimh an 14 Aibreán</p>
--	---

Cuirfear an fhaisnéis ar fáil maidir le fophointe 9.1.6.1 nó fophointe 9.1.6.3.	2022 [OP, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], measfar iad a bheith iomchuí chun an ceanglas sin maidir le faisnéis a chomhlíonadh ar choinníoll nach an-lipifileach an tsubstaint (loga Kow > 4) ná nach léirítear airí suaite inchríneach ná aon modh gníomhaíochta sonracha eile.”
---	---

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhopointe 9.1.6.1:

“9.1.6.1. Tástáil tocsaineachta ar éisc i staid a luathshaoil (OECD TG 210);”	
---	--

(k) scriostar pointe 9.1.6.2.

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhopointe 9.1.6.3:

“9.1.6.3. Tástáil ar fhás iasc óg (OECD TG 215);”	
---	--

(m) i bhfoinn 9.2, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	“9.2. Más rud é go dtugtar le fios leis an measúnú ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá tástáil bhreise a dhéanamh maidir le díghrádú chun imscrúdú breise a dhéanamh ar dhíghrádú na substainte agus ar a táirgí trasfhoirmiúcháin agus díghrádúcháin, molfaidh an cláraí go ndéanfaí tástáil den chineál sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh. Roghnófar an tástáil iomchuí nó na tástálacha iomchuí agus an meán tástála ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach.”;
--	---

(n) i bpointe 9.2.3, i gcolún 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

“9.2.3. Táirgí trasfhoirmiúcháin, díghrádúcháin aibithigh agus díghrádúcháin bithigh a shainaithe”;	
---	--

(o) i bhfoinn 9.4, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	“9.4. Ní gá na staidéir sin a dhéanamh más éadóigh go dtarlóidh nochtadh díreach nó indíreach d'urrann na hithreach. In éagmais sonraí tocsaineachta maidir le horgánaigh ithreach, féadfar an modh comhéifeachta rannaí na cothromaíochta a chur i bhfeidhm chun an ghuais d'orgánaigh ithreach a mheasúnú. I gcás ina gcuirtear an modh comhéifeachta rannaí na cothromaíochta i bhfeidhm maidir le nanafhoirmeacha, beidh údar eolaíoch leis sin. Roghnófar an tástáil iomchuí nó na tástálacha iomchuí ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach. Maidir le substaintí a bhfuil acmhainneacht ard acu asú go hithir nó substaintí atá an-imchoimeádach go háirithe, molfaidh an cláraí tástáil maidir le tocsaineacht fhadtéarmach dá dtagraítear in Iarscríbhinn X, nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh, in ionad tástáil maidir le tocsaineacht ghearrthéarmach.”;
--	--

(5) Leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoroinn 8.4:

<p>“8.4. Só-ghineacht</p>	<p>‘8.4. Ní gá na staidéir dá dtagraítear i bpointí 8.4.6 agus 8.4.7 a dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — is eol gur substaint í is cúis le só-ghineacht gaiméite, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme, — is eol gur carcanaigin ghéineatocsaineach í tsubstaint, agus dá réir sin comhlíonann sí na critéir le haghaidh a haicmithe san aicme ghuaise só-ghineacht gaiméite chatagóir 1A, 1B nó 2 agus freisin san aicme ghuaise carcanaigineacht chatagóir 1A nó 1B, agus cuirtear bearta bainistithe riosca is iomchuí chun feidhme.’;
---------------------------	---

(b) cuirtear isteach an pointe 8.4.6 agus an pointe 8.4.7 seo a leanas:

<p>‘8.4.6. An dara staidéar géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i>, má bhíonn toradh deimhneach in aon cheann de na staidéir géineatocsaineachta <i>in vitro</i> dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII nó in Iarscríbhinn VIII, toradh deimhneach ar ábhar inní é maidir le saobhadh crómasóim mar aon le sóchán géine. Sa staidéar tabharfar aghaidh ar shaobhadh crómasóim nó ar shóchán géine, de réir mar is iomchuí, ábhair nár tugadh aghaidh orthu sa chéad staidéar géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i>.</p>	
<p>8.4.7. An dara staidéar géineatocsaineachta gaiméite mamaigh <i>in vivo</i>, má tá toradh deimhneach i staidéir géineatocsaineachta cille sómaí mamaigh <i>in vivo</i>, toradh deimhneach ar ábhar inní é maidir le saobhadh crómasóim mar aon le sóchán géine. Sa staidéar tabharfar aghaidh ar shaobhadh crómasóim nó ar shóchán géine, de réir mar is iomchuí, ábhair nár tugadh aghaidh orthu sa chéad staidéar géineatocsaineachta gaiméite mamaigh <i>in vivo</i>.</p>	<p>8.4.7. Ní gá an staidéar a dhéanamh má tá fianaise shoiléir ann nach sroicheadh an tsubstaint ná a meitibilítí na gaiméití.’;</p>

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8.7.2:

<p>‘8.7.2. Maidir le staidéar tocsaineachta forbraíochta réamhbhreithe (OECD TG 414) ar an dara speiceas, is é an francach nó an coinín an speiceas a mholtar, cibé ceann acu nár úsáideadh sa chéad staidéar faoi Iarscríbhinn IX. Maidir le bealach an dáilte, is tríd an mbéal a dháilfear an tsubstaint más solad nó leacht í, agus dáilfear an tsubstaint trí ionanálú más gás í; féadfar imeacht ón mbealach dáilte má bhíonn údar eolaíoch leis sin, cuir i gcás de bharr fianaise go bhfuil nochtadh córasach coibhéiseach nó níos airde ann trí bhealach ábhartha eile nochtadha don duine nó trí thocsaineacht atá sonrach don bhealach.</p>	<p>Beidh údar eolaíoch le haon imeacht ón réamhbhealach riartha agus le haon imeacht ón rogha speicis.’;</p>
--	--

(d) i bpointe 8.7.3, i gcolún 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

<p>'8.7.3. Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe, (OECD TG 443), bundearadh tástála (cohóirt 1A agus 1B gan síneadh chun glúin F2 a chur san áireamh), speiceas amháin, mura soláthraítear é cheana mar chuid de cheanglais Iarscríbhinn IX. Maidir le bealach an dáilte, is tríd an mbéal a dháilfear an tsubstaint más solad nó leacht í, agus dáilfear an tsubstaint trí ionanálú más gás í; féadfar imeacht ón mbealach dáilte má bhíonn údar eolaíoch leis sin, cuir i gcás de bharr fianaise go bhfuil nochtadh córasach coibhéiseach nó níos airde ann trí bhealach ábhartha eile nochtta don duine nó trí thocsaineacht atá sonrach don bhealach.;</p>	
--	--

(e) i bpointe 8.7.3, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití sa chéad mhír:

	<p>'Molfaidh an cláraí Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe mar aon le síneadh a chur le cohóirt 1B chun glúin F2 a chur san áireamh nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh más amhlaidh an méid seo a leanas:;</p>
--	---

(f) i bpointe 8.7.3, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití sa dara mír:

	<p>'Molfaidh an cláraí Staidéir Aon Ghlúine Sínte maidir le Tocsaineacht Atáirgthe lena n-áirítear cohóirt 2A/2B (néarthocsaineacht fhorbarthach) agus/nó cohóirt 3 (tocsaineacht imdhíonachta fhorbarthach), nó féadfaidh an Ghníomhaireacht sin a éileamh i gcás ina bhfuil ábhar inmí ar leith ann maidir le néarthocsaineacht (forbartha) nó le tocsaineacht imdhíonachta (forbartha) a bhfuil údar leis de bharr aon cheann díobh seo a leanas:;</p>
--	---

(g) i bhforoinn 9.2, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>'9.2. Más rud é go dtugtar le fios leis an measúnú ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá tástáil breise a dhéanamh maidir le díghrádú chun imscrúdú breise a dhéanamh ar dhíghrádú na substainte agus ar a táirgí trasfhoirmiúcháin agus díghrádúcháin, molfaidh an cláraí go ndéanfaí tástáil den chineál sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh. Roghnófar an tástáil iomchuí nó na tástálacha iomchuí agus an meán tástála iomchuí ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach. ';</p>
--	--

(h) scriostar pointe 9.2.1;

(i) i bhforoinn 9.4, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	<p>'9.4. Más rud é go dtugtar le fios le torthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá tástáil tocsaineachta fadtéarmaí a dhéanamh chun imscrúdú breise a dhéanamh ar éifeachtaí na substainte, nó ar éifeachtaí táirgí trasfhoirmiúcháin agus díghrádúcháin ar orgánaigh talún, molfaidh an cláraí go ndéanfaí tástáil den chineál sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh. Roghnófar an tástáil iomchuí nó na tástálacha iomchuí ar bhonn thoradh an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach..</p>
--	--

	Ní gá na staidéir sin a dhéanamh más éadóigh go dtarlóidh nochtadh díreach nó indíreach d'urrann na hithreach.;
--	---

(j) i bpointe 9.5.1, i gcolún 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

	'9.5.1. Más rud é go dtugtar le fios le torthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach a dhéantar i gcomhréir le hlarscríbhinn I gur gá tástáil tocsaineachta fadtéarmaí a dhéanamh chun imscrúdú breise a dhéanamh ar éifeachtaí na substainte, nó ar éifeachtaí táirgí trasfhoirmiúcháin agus díghrádúcháin, ar orgánaigh dríodair, molfaidh an cláraí go ndéanfaí tástáil den chineál sin nó féadfaidh an Ghníomhaireacht tástáil den chineál sin a éileamh. Roghnófar an tástáil nó na tástálacha is iomchuí ar bhonn torthaí an mheasúnaithe ar shábháilteacht cheimiceach.'
--	---

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/478 ÓN gCOIMISIÚN**an 24 Márta 2022****maidir le bearta cosanta ar allmhairí moileasc débhlascach ón Tuirc a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a choinneáil ar bun****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 128(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 743/2013 ⁽²⁾ toisc gur sainaitníodh le linn iniúchtaí an Choimisiúin easnaimh i gcur chun feidhme rialuithe oifigiúla ag údaráis inniúla na Tuirce maidir le tairgeadh moileasc débhlascach a bheartaítear a thabhairt isteach san Aontas, agus toisc gur thuairiscigh na Ballstáit coinsíneachtaí neamh-chomhlíontacha de mhóilic dhébhlascacha de thionscnamh na Tuirce nach raibh i gcomhréir le caighdeán mhicribhitheolaíoch an Aontais.
- (2) San iniúchadh is déanaí a rinne an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2015, fuarthas amach gurbh ann go fóill d'easnaimh shuntasacha sa chóras rialaithe le haghaidh moilisc dhébhlascacha a bheartaítear a thabhairt isteach san Aontas.
- (3) I mí Eanáir 2020, chuir údaráis inniúla na Tuirce faisnéis i láthair maidir leis na bearta ceartaitheacha a tionscnaíodh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Cé go ndearnadh measúnú fabhrach ar an iarratas sin ar pháipéar ar dtús, níor féadadh iniúchadh ar an toirt a dhéanamh go dtí seo ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin de dheasca srianta phaindéim COVID-19. Go dtí go ndéanfar breithniú fabhrach ar thorthaí an iniúchta sin, ba cheart go bhfanadh na bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 743/2013 i bhfeidhm.
- (4) Chuaigh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 743/2013 in éag an 31 Nollaig 2021. Ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag Treoir 97/78/CE ón gComhairle ⁽³⁾, arb é is bunús don Rialachán thuasluaite, ba cheart bunús dlí an Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún a thabhairt cothrom le dáta trí thagairt a dhéanamh ann d'Airteagal 128 de Rialachán (AE) 2017/625.
- (5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 743/2013 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2013 maidir le bearta cosanta a thabhairt isteach ar allmhairí moileasc débhlascach ón Tuirc a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (IO L 205, 1.8.2013, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 97/78/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 lena leagtar síos na príonsabail lena rialaítear eagrú seiceálacha tréidliachta ar tháirgí a thagann isteach sa Chomhphobal ó thríú tíortha (IO L 24, 30.1.1998, lch. 9).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo, fhuaraithe, reoite agus phróiseáilte a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine (Cóid AC: 0307, 1605) agus atá de thionscnamh na Tuirce nó a sheoltar ón Tuirc.

Airteagal 2

Toirmeasc ar mhoilisc dhébhlaoscacha bheo agus fhuaraithe a theacht isteach

Ní cheadóidh na Ballstáit moilisc dhébhlaoscacha bheo agus fhuaraithe de thionscnamh na Tuirce nó a sheoltar ón Tuirc a theacht isteach san Aontas.

Airteagal 3

Bearta a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha reoite agus próiseáilte

1. Déanfaidh na Ballstáit, trí bhíthin pleananna samplála agus modhanna braite iomchuí, tástálacha ar choinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlaoscacha reoite agus próiseáilte de thionscnamh na Tuirce nó a sheoltar ón Tuirc dá bhforáiltear i mír 2.

Déanfar na tástálacha sin ag an bpost rialaithe teorann ag a dtagann na coinsíneachtaí lena mbaineann isteach san Aontas.

2. Déanfaidh na Ballstáit na tástálacha is gá chun na gnéithe seo a leanas a shainaitheint:

- (a) leibhéal an éillithe *Escherichia coli* i ngach coinsíneacht de mhoilisc dhébhlaoscacha reoite;
- (b) láithreach bitocsainí muirí i ngach coinsíneacht de mhoilisc dhébhlaoscacha reoite.

3. Na coinsíneachtaí a ndéanfar na tástálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 orthu, fanfaidh siad faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil ag an bpost rialaithe teorann lena mbaineann go dtí go mbeidh torthaí na dtástálacha sin faighte agus measúnaithe.

4. Má léiríonn na tástálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 gur dócha go ndéanfadh coinsíneacht dochar do shláinte an duine, gabhfaidh an t-údarás inniúil an choinsíneacht ar an toirt, agus scríosfaidh sé í nó cuirfidh sé faoi réir cóireála speisialta í dá bhforáiltear le hAirteagal 67 de Rialachán (AE) 2017/625 agus i gcomhréir le hAirteagal 71(1) agus (2) den Rialachán céanna sin.

Airteagal 4

Caiteachas

Gach caiteachas arna thabhtú ag na Ballstáit le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, muirearófar é ar an oibreoir nó ar a ionadaí atá freagrach as an gcoinsíneacht tráth a chuirtear an choinsíneacht sin i láthair don phost rialaithe teorann ag a dtagann sí isteach san Aontas.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus tréimhse feidhme

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ceathrú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/479 ÓN gCOIMISIÚN
an 24 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chríos nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chríosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾, bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chríosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chríosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann gar do Collieston, Aberdeenshire, Albain, agus deimhníodh í an 11 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna ann sa dara bunaíocht gar do Redgrave, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana agus gar do Market Weston, Suffolk Thiar, Suffolk, Sasana, agus deimhníodh iad an 12 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chríosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (7) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna ann sa dara bunaíocht i gcontae Cecil atá buailte cheana féin, stát Maryland, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Taylor, stát Iowa, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 10 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (8) Thairis sin arís, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann i gcontae Franklin, stát Kansas, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 11 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Anuas air sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann sa dara bunaíocht i gcontae Charles Mix atá buailte cheana féin, stát Dakota Theas, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 12 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (10) Ina theannta sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann i gcontae Jefferson, stát Wisconsin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 14 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (11) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna ann i gcontae Kent, stát Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa dara bunaíocht éanlaithe clóis i gcontae Buena Vista atá buailte cheana féin, stát Iowa, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 17 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (12) Thairis sin arís, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna ann i gcontae Dickinson, stát Kansas, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa tríú bunaíocht éanlaithe clóis i gcontae Cecil atá buailte cheana féin, stát Maryland, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 18 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (13) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus Stát Aontaithe Mheiriceá crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (14) Chuir an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcriciocha agus maidir leis na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsínachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe.
- (15) Anuas air sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le ráig de HPAI a deimhníodh i mbunaíocht éanlaithe clóis gar do Silecroft, Copeland, Cumbria, Sasana an 21 Samhain 2021. Chuir an Ríocht Aontaithe isteach freisin na bearta a rinne sí chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráige sin de HPAI, chuir an Ríocht Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an mbunaíocht éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.
- (16) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh an ráig de HPAI gar do Silecroft, Copeland, Cumbria, Sasana, díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtarraí éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas ón gcrios sa Ríocht Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtarraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráige sin.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

- (18) Tríd an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhflíú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh an chreasa GB-2.26:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.26	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Raitígh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		21.11.2021	14.3.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		21.11.2021	14.3.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh na gcriosanna GB-2.105 go GB-2.107 tar éis an ró le haghaidh an chreasa GB-2.104:

"GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.105	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		11.3.2022	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		11.3.2022	
		Raitígh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		11.3.2022	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		11.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		11.3.2022	

	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.3.2022	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.3.2022	
	Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.3.2022	
GB-2.106	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		12.3.2022	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		12.3.2022	
	Éanlaith chlóis atá sé beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		12.3.2022	
	Raitítigh atá sé beartaithe a mharú	SR	N, P1		12.3.2022	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		12.3.2022	
	Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		12.3.2022	
sa chéad abairt de mhír 4, arna iarraidh sin ag na Comhaltaí leasmhara is allmhaireoirí. In éagmais iarrata den sórt sin, dhéanfaí an tsaincheist a mharcáil mar shaincheist a 'cuireadh i gcrích' tar éis 2 bhliain sa chéim dheiridh fiú murar baineadh amach an méadú is gá ar an ráta líonta. Is é is aidhm don mholadh sin a áirithiú go ndéanfaidh ábhar sa chéim dheiridh den Sásra stádas 'curtha i gcrích' nó 'réitithe' a bhaint amach faoi dheireadh.

- 1.9. Bhain saincheist bhreise amháin a ardaíodh níos déanaí sa phlé sin leis an gcaidreamh idir na hoibleagáidí a eascraíonn as an Sásra Tearclíonta agus na forálacha sonracha maidir le riarachán taraif-chuótaí a d'fhéadfadh a bheith ag Comhalta is allmhaireoir ina Sceideal Lamháltas. Go ginearálta, d'aithin na Comhaltaí tosaíocht na lamháltas agus na gceangaltas sna Sceidil, agus gurbh é ról an Chinnidh agus a Shásra Tearclíonta cur chun feidhme éifeachtach na gceangaltas sceidealaithe a chur chun cinn, seachas iad a mhodhnú. Anseo, treoraíodh na Comhaltaí go sonracha le mír 5 den Sásra Tearclíonta, lena mbunaítear go sainráite ordlathas idir na hoibleagáidí faoi na comhaontuithe cumhdaithe (lena n-áirítear, de réir Airteagal II:7 de GATT 1994, sceidil earraí na gComhaltaí) agus forálacha an tSásra Tearclíonta, trína mhaíomh 'i gcás aon choimhlinte, is ag forálacha na gcomhaontuithe cumhdaithe a bheidh an forlámhas'.
- 1.10. I bhfianaise pléití, áirítear sa Dréachtchinneadh atá beartaithe maidir le hoibriú mhír 4 den Sásra Tearclíonta amach anseo (mar a léirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo) na gnéithe seo a leanas:
 - i. Deighilt na míre 4 reatha den Sásra Tearclíonta ina dhá fho-mhír chun soiléireacht a chur ar fáil maidir leis an gceanglas 'caighdeánach' mar atá san fho-mhír 4a) atá beartaithe, agus maidir leis an láimhseáil speisialta agus dhifreálach i bhfo-mhír 4b);
 - ii. Déantar ábhar na gné láimhseála speisialta agus difreálaí sa mhír 4 reatha a atáirgeadh, gan aon athrú, san fho-mhír 4b) atá beartaithe;
 - iii. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an méid a d'fhéadfadh a bheith fós le réiteach ina mhainníonn Comhalta is allmhaireoir atá i mbéal forbartha an caighdeán ráta líonta is gá a chomhlíonadh tar éis 2 bhliain agus an modh riaracháin taraif-chuótaí reatha á choinneáil ar bun nó modh riaracháin malartach á úsáid, moltar sa dréachtchinneadh rogha bhreise a chur isteach sa chuid dheireanach d'fho-mhír 4 (b) d'fhonn 'cur i gcrích' an ábhair a bhaint amach. Leis sin, cheanglófaí ar an gComhalta is allmhaireoir atá i mbéal forbartha lena mbaineann an ceanglas 'caighdeánach' sa chéad chuid den mhír 4 reatha a chur chun feidhme;
 - iv. Tá fonóta 6 nua beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní a d'fhéadfadh a bheith ann a chuir roinnt Comhaltaí in iúl maidir leis an gcaidreamh idir na hoibleagáidí a eascraíonn as an Sásra Tearclíonta agus iad sin atá ar fáil i sceidil lamháltas na gComhaltaí is allmhaireoirí. Soiléirítear cheana i mír 5 den Sásra Tearclíonta an caidreamh idir na hoibleagáidí a eascraíonn as an Sásra Tearclíonta agus cearta agus oibleagáidí na gComhaltaí faoi na 'comhaontuithe cumhdaithe';
 - v. De bharr go mbeadh cur i gcrích an athbhreithnithe ar oibriú Chinneadh Bhailí maidir le taraif-chuótaí mar thoradh freisin ar chomhaontú maidir le hoibriú mhír 4 den Sásra Tearclíonta amach anseo de bhun mhíreanna 13-15 den Chinneadh, moltar sa dréachtchinneadh dá réir sin go ndéanfar na trí mhír sin, mar aon le hIarscríbhinn B a ghabhann leis an gCinneadh, neamhoibríochtúil
- 1.11. Ceanglaítear le mír 14 den Chinneadh go ndéanfar le moltaí na Comhairle Ginearálta i ndáil le mír 4 den Sásra Tearclíonta foráil maidir le láimhseáil speisialta agus dhifreálach. I ndáil leis sin, déantar leis an Dréachtchinneadh ina bhfuil moltaí le haghaidh oibriú mhír 4 amach anseo an fhoráil láimhseála speisialta agus difreálaí reatha faoin bhfo-mhír 4b) atá beartaithe a choinneáil ar bun, toisc go luaitear ann go bhféadfaidh Comhalta is allmhaireoir atá i mbéal forbartha atá sa chéim dheiridh den Sásra Tearclíonta an modh riaracháin taraif-chuótaí reatha a choinneáil ar bun nó modh riaracháin malartach a úsáid, agus réiteach an ábhair a bhaint amach tríd an méadú is gá ar an ráta líonta a léiriú. Cosúil leis an mír 4 reatha den Chinneadh, níl aon athrú ar an rogha sin. I gcás, le linn an 2 bhliain ina dhiaidh sin, nach mbaineann an Comhalta is allmhaireoir atá i mbéal forbartha an méadú is gá ar an ráta líonta amach faoi na cúinsí sin, d'fhéadfadh go gceanglófaí leis an gCinneadh atá beartaithe ar an gComhalta sin an ceanglas 'caighdeánach' a chur i bhfeidhm mar atá sa chéad chuid den mhír 4 reatha (i.e. ar an mbonn 'tagadh do sheal mar a tháinig tú féin' ag an gceadúnú custaim nó uathoibríoch). Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an ceanglas chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm uathoibríoch fiú tar éis an 2 bhliain sin. Ina ionad sin, ní bheadh feidhm ag an oibleagáid atá beartaithe ach amháin bunaithe ar iarraidh ó na Comhaltaí is onmhaireoirí lena mbaineann. I gcás nach ndéantar iarraidh, in ainneoin nach gcomhlíonann an Comhalta is allmhaireoir atá i mbéal forbartha an caighdeán ráta líonta is gá, mharcálfai an t-ábhar tearclíonta 'curtha i gcrích'.

- 1.12. Rinne an Coiste um Thalmhaíocht an 99ú cruinniú rialta dá chuid a ationól an 9 Samhain 2021 chun glacadh leis an mír 2 D(i) den chlár oibre ar cuireadh ar fionraí í i dtaca le cur chun feidhme Chinneadh Bhailí maidir le riarachán taraif-chuótaí. **Ag an gcruinniú sin, d'aontaigh an Coiste an Dréachtchinneadh ⁽¹⁾ san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Ghinearálta lena bhreithniú agus lena chur faoi bhráid an 12ú Comhdháil Aireachta (MC-12) ina dhiaidh sin le haghaidh cinneadh ó na hAirí.**
-

⁽¹⁾ Thug roinnt Comhaltaí le fios go mbeadh tuilleadh ama de dhíth orthu chun dul i gcomhairle lena bpríomhchathracha.

IARSCRÍBHINN

Tá an Chomhdháil Aireachta,

Ag féachaint do mhír 1 d'Airteagal IX de Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT');

Agus Cinneadh Aireachta an 7 Nollaig 2013 á thabhairt faoi deara maidir leis an gComhthuisceant maidir le Forálacha a bhaineann le Riarachán na dTaraif-Chuótaí le haghaidh Táirgí Talmhaíochta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht (WT/MIN(13)/39-WT/L/914) dar dáta an 11 Nollaig 2013 (dá ngairfear 'Cinneadh Bhailí maidir le Riarachán Taraif-chuótaí' anseo feasta);

Agus moltaí an Athbheithnithe á meabhrú di ar oibriú Chinneadh Bhailí maidir le Riarachán Taraif-chuótaí in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le G/AG/29 a d'fhormheas an Chomhairle Ghinearálta ag a cruinniú an 9-10 Nollaig 2019;

Agus á aithint di go socraítear le mír 1 de na moltaí thuasluaite sprioc-am an 31 Nollaig 2021 le haghaidh cinneadh ar oibriú mhír 4 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Cinneadh Bhailí maidir le Riarachán Taraif-chuótaí amach anseo;

Tar éis an méid seo a leanas a chinneadh:

1. Léifear mír 4 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Cinneadh Bhailí maidir le Riarachán Taraif-chuótaí mar a leanas:

4.a. Ansin, déanfaidh an Comhalta is allmhaireoir rochtain neamhualaithe a chur ar fáil go pras trí cheann de na modhanna riaracháin taraif-chuótaí seo a leanas ⁽²⁾ ⁽³⁾: ar an mbonn 'tagadh do sheal mar a tháinig tú féin' amháin (ag an teorainn); nó córas uathoibríoch neamhchoinníollach faoina dtugtar ceadúnas ar éileamh laistigh den taraif-chuótaí. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cén ceann den dá rogha sin a chur chun feidhme, rachaidh an Comhalta is allmhaireoir i gcomhairle le Comhaltaí leasmhara is onnmhaireoirí. Déanfaidh an Comhalta is allmhaireoir an modh arna roghnú a choinneáil ar bun ar fead 2 bhliain ar a laghad, agus tar éis na tréimhse sin – ar choinníoll gur cuireadh fógraí tráthúla isteach le haghaidh an 2 bhliain sin – déanfar nóta de ar chlár rianaithe na hArdrúnaíochta agus marcálfar an tsaincheist 'curtha i gcrích'.

4.b. Féadfaidh Comhaltaí is tíortha atá i mbéal forbartha modh riaracháin taraif-chuótaí malartach a roghnú nó an modh reatha a choinneáil ar bun. Má roghnaítear modh riaracháin taraif-chuótaí malartach, cuirfear an rogha sin in iúl don Choiste um Thalmhaíocht faoi fhorálacha an tsásra seo. Déanfaidh an Comhalta is allmhaireoir an modh arna roghnú a choinneáil ar bun ar feadh 2 bhliain ar a laghad, agus tar éis na tréimhse sin, má tá méadú dhá thrian de na hincrimintí bliantúla a thuairiscítear i mír 3(b) tar éis teacht ar an ráta líonta, déanfar nóta de ar chlár rianaithe na hArdrúnaíochta agus marcálfar an tsaincheist 'curtha i gcrích'. Arna iarraidh sin do Chomhalta leasmhar, beidh feidhm ag na forálacha faoi mhír 4(a) mura mbeidh, tar éis an 2 bhliain sin, an ráta líonta méadaithe faoi dhá thrian ar a laghad de na hincrimintí bliantúla a thuairiscítear i mír 3(b). Mura ndéanfar aon iarraidh, marcálfar an tsaincheist 'curtha i gcrích'.

2. Míreanna 13-15 de Chinneadh Bhailí maidir le Riarachán Taraif-chuótaí, mar aon le hIarscríbhinn B, déantar iad neamhoibríochtúil feasta.

⁽²⁾ Leis na gníomhartha agus na leigheasanna arna ndéanamh ag an gComhalta is allmhaireoir, ní mhodhnófar ná ní chuirfear bac ar chearta Comhalta a bhfuil leithdháileadh tír-shonrach le haghaidh an taraif-chuótaí sin ina sheilbh aige i leith a leithdháilte tír-shonraigh.

⁽³⁾ I gcás coimhlinte, beidh forlámhas ag na forálacha sonracha maidir le socruithe allmhairiúcháin taraif-chuótaí a shonraítear i Scideal Lamhálas an Chomhalta is allmhaireoir faoi chuimsiú na coimhlinte.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/482 ÓN gCOIMISIÚN**an 16 Márta 2022****maidir leis an iarraidh ar chláru an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal “Fur Free Europe” [An Eoraip Saor ó Fhionnadh] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1530)***(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuireadh iarraidh ar chláru an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal “An Eoraip Saor ó Fhionnadh” faoi bhráid an Choimisiúin an 25 Eanáir 2022.
- (2) Is iad cuspóirí an tionscnaimh mar atá curtha in iúl ag na heagraithe san iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh “toirmeasc ar fud an Aontais a bhaint amach maidir leis na nithe seo a leanas: (a) ainmhithe a choinneáil agus a mharú, inarb é an príomhchuspóir nó an t-aon chuspóir amháin atá leis fionnadh a tháirgeadh; (b) fionnadh ó ainmhithe feirmshaothraithe, agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu, a chur ar mhargadh an Aontais”.
- (3) Tugtar tuilleadh sonraí in iarscríbhinn agus i ndoiciméad breise ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúla an tionscnaimh, ina leagtar amach agus ina sonraítear na cúiseanna atá ann chun tacú le deireadh a chur le feirmeoireacht fionnadh. Maíonn na heagraithe go bhfuil feirmeoireacht fionnadh cruálach ó nádúr, ós rud é go bhfuil formhór mór na n-ainmhithe a choinnítear le haghaidh a tháirgthe fós fiáin go bunúsach, agus gur mian le tromlach mór shaoránaigh an Aontais go gcuirfí toirmeasc ar fheirmeoireacht fionnadh. Cuireann feirmeoireacht fionnadh sláinte ainmhithe agus sláinte an duine i mbaol chomh maith leis an mbithéagsúlacht dhúchasach. Déanann na heagraithe tagairt do thionscnaimh de chuid Ballstát áirithe chun deireadh a chur le táirgeadh fionnadh ar an leibhéal náisiúnta. An tráth céanna, is iad na héagsúlachtaí náisiúnta sin is cúis le saobhadh i margadh inmheánach an Aontais, rud a thugann údar, dar leo, le toirmeasc iomlán ar fud an Aontais faoi Airteagal 114 CFAE. Maíonn siad freisin nár cheart go gceadófaí fionnadh feirmshaothraithe agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu a mhargú san Aontas.
- (4) A mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh chun toirmeasc ar fud an Aontais ar fheirmeoireacht fionnadh agus ar thráchtáil fionnadh a bhaint amach san Aontas, sa mhéid go bhfuil sé d’aidhm acu feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún tograí le haghaidh gníomhartha dlíthiúla a thíolacadh ar bhonn Airteagal 114 CFAE. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis an gcuspóir toirmeasc ar fud an Aontais ar fheirmeoireacht fionnadh a bhaint amach, féadfar gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a ghlacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme le haghaidh na bhforálacha atá riachtanach chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú ar bhonn Airteagal 43(2) CFAE.
- (5) Ar na cúiseanna sin, is léir nach bhfuil aon chuid den tionscnamh, go follasach, lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme.
- (6) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha nithiúla fíorasacha agus substainteacha is gá le go ngníomhóidh an Coimisiún, lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(1) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

- (7) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.
- (8) Ní tionscnamh é ar léir é a bheith míchuí, suaibhreasach ná cráiteach, ná ní léir go bhfuil sé contrártha go follasach do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chuimsítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (9) Ba cheart an tionscnamh dar teideal “An Eoraip Saor ó Fhionnadh” a chlárú dá bhrí sin.
- (10) Leis an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788 ní thugtar le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún in aon chor go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a thuiscint in aon chor gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal “An Eoraip Saor ó Fhionnadh”.

Airteagal 2

Is chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal “An Eoraip Saor ó Fhionnadh”, grúpa a bhfuil Elise FLEURY agus Agnese MARCON ag gníomhú thar a cheann mar theagmhálaithe, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/483 ÓN gCOIMISIÚN**an 21 Márta 2022****lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Having regard to Regulation (EU) 2021/953 of the European Parliament and of the Council of 14 June 2021 on a framework for the issuance, verification and acceptance of interoperable COVID-19 vaccination, test and recovery certificates (EU Digital COVID Certificate) to facilitate free movement during the COVID-19 pandemic ⁽¹⁾, and in particular Article 9(1) thereof,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953 leagtar amach Deimhniú Digiteach COVID AE ar deimhniú é a chuireann cruthúnas ar fáil go bhfuair duine vacsaín in aghaidh COVID-19, go bhfuair duine toradh diúltach ar thástáil nó gur théarnaigh duine ó ionfhabhtú chun go n-éascófar ceart an tsealbhóra chun saorghluaiseachta le linn phaindéim COVID-19 a fheidhmiú.
- (2) Regulation (EU) 2021/954 of the European Parliament and of the Council ⁽²⁾ provides that Member States are to apply the rules laid down in Regulation (EU) 2021/953 to third-country nationals who do not fall within the scope of that Regulation, but who are legally staying or residing in their territory and who are entitled to travel to other Member States in accordance with Union law.
- (3) Council Recommendation (EU) 2022/290 amending Recommendation (EU) 2020/912 on the temporary restriction on non-essential travel into the EU and the possible lifting of such restriction ⁽³⁾ provides that third-country nationals wishing to undertake non-essential travel from a third countries to the Union should be in the possession valid proof of vaccination or recovery, such as a EU Digital COVID Certificate or a COVID-19 certificate issued by a third country covered by an implementing act adopted pursuant to Article 8(2) of Regulation (EU) 2021/953.
- (4) In order for the EU Digital COVID Certificate to be operational throughout the Union, the Commission adopted Implementing Decision (EU) 2021/1073 ⁽⁴⁾, laying down technical specifications and rules to populate, securely issue and verify EU Digital COVID Certificates, ensure the protection of personal data, lay down the common structure of the unique certificate identifier and issue a valid, secure and interoperable barcode.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/953, bhí an Coimisiún agus na Ballstáit le creat iontaoibhe le haghaidh Dheimhniú Digiteach COVID AE a chur ar bun agus a choinneáil ar bun. Leis an gcreat iontaoibhe sin, is féidir tacú le malartú déthaobhach na liostaí cúlghairme deimhnithe ina bhfuil aitheantóirí uathúla deimhnithe na ndeimhnithe cúlghairthe.

⁽¹⁾ IO L 211, 15.6.2021, p. 1.

⁽²⁾ Regulation (EU) 2021/954 of the European Parliament and of the Council of 14 June 2021 on a framework for the issuance, verification and acceptance of interoperable COVID-19 vaccination, test and recovery certificates (EU Digital COVID Certificate) with regard to third-country nationals legally staying or residing in the territories of Member States during the COVID-19 pandemic (IO L 211, 15.6.2021, p. 24).

⁽³⁾ Council Recommendation (EU) 2022/290 of 22 February 2022 amending Council Recommendation (EU) 2020/912 on the temporary restriction on non-essential travel into the EU and the possible lifting of such restriction (IO L 43, 24.2.2022, p. 79)

⁽⁴⁾ Commission Implementing Decision (EU) 2021/1073 of 28 June 2021 laying down technical specifications and rules for the implementation of the trust framework for the EU Digital COVID Certificate established by Regulation (EU) 2021/953 of the European Parliament and of the Council (IO L 230, 30.6.2021, p. 32).

- (6) Tháinig tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE (“an tairseach”) i bhfeidhm an 1 Iúil 2021, ar cuid lárnach í den chreat iontaoibhe agus lenar féidir na heochracha poiblí a úsáidtear chun Deimhnithe Digiteacha COVID AE a fhíorú a mhalartú go slán agus go hiontaofa idir na Ballstáit.
- (7) De bharr a gcur i bhfeidhm rathúil mórsála, tá an lucht calaoise ag díriú anois ar Dheimhnithe Digiteacha COVID AE agus é d’aidhm acu teacht ar bhealaí chun deimhnithe calaoiseacha a eisiúint. Dá bhrí sin, ní mór na deimhnithe calaoiseacha sin a chúlghairm. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit Deimhnithe Digiteacha COVID AE áirithe a chúlghairm ar an leibhéal náisiúnta ar chúiseanna leighis agus ar chúiseanna sláinte poiblí, cuir i gcás baisc vacsaíní a tugadh a fuarthas ina dhiaidh sin a bheith lochtach.
- (8) Cé gur féidir le córas Dheimhniú Digiteach COVID AE deimhnithe brionnaithe a léiriú ar an bpointe, ní féidir deimhnithe barántúla a eisítear go neamhdhleathach ar bhonn doiciméadacht bréagach, le rochtain neamhúdaráithe nó le hintinn chalaoiseach a bhrath i mBallstáit eile ach amháin i gcás ina malartaítear na liostaí de deimhnithe cúlghairthe a ghintear ar an leibhéal náisiúnta. Is amhlaidh an scéal maidir le deimhnithe a cúlghaireadh ar chúiseanna leighis agus ar chúiseanna sláinte poiblí. Má theipeann ar fheidhmchláir fíoraithe na mBallstáit deimhnithe arna gcúlghairm ag Ballstáit eile a bhrath, is bagairt é sin don tsláinte phoiblí agus déanann sé dochar d’iontaoibh agus muinín na saoránach i gcóras Dheimhniú Digiteach COVID AE.
- (9) Mar a tugadh faoi deara in Aithris 19 de Rialachán (AE) 2021/953, ar chúiseanna leighis agus ar chúiseanna sláinte poiblí, agus i gcás deimhnithe a eisíodh nó a fuarthas go calaoiseach, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann liostaí cúlghairme deimhnithe a bhunú agus a mhalartú le Ballstáit eile chun críoch an Rialacháin sin, i gcásanna teoranta, go háirithe a mhéid a bhaineann le deimhnithe a eisíodh go hearráideach, mar thoradh ar chalaos nó tar éis baisc vacsaíní in aghaidh COVID-19 a fuarthas a bheith lochtach a fhionraí. Níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann deimhnithe arna n-eisiúint ag Ballstáit eile a chúlghairm. Níor cheart aon sonraí pearsanta eile a bheith i liostaí cúlghairme deimhnithe a mhalartaítear seachas aitheantóirí uathúla na ndeimhnithe. Níor cheart a chuimsiú iontu an chúis ar cúlghaireadh an deimhniú go háirithe.
- (10) I dtéannta na faisnéise ginearálta faoin bhféidearthacht deimhnithe a chúlghairm agus na cúiseanna féideartha atá leis sin, ba cheart don údarás eisiúna freagrach sealbhóirí deimhnithe cúlghairthe a chur ar an eolas go pras faoi chúlghairm a ndeimhnithe agus faoi na cúiseanna a bhí leis an gcúlghairm. Mar sin féin, i roinnt cásanna, agus go háirithe i gcás Dheimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint ar pháipéar, d’fhéadfadh sé a bheith dodhéanta nó d’fhéadfadh iarracht dhíríreach a bheith i gceist chun sealbhóir an deimhnithe cúlghairthe a rianú agus é a chur ar an eolas. Níor cheart do na Ballstáit sonraí pearsanta breise a bhailiú nach bhfuil gá leo le haghaidh an phróisis eisiúna seachas an oiread is gá chun gur féidir iad a chur ar an eolas sa chás ina cúlghaireadh a ndeimhnithe.
- (11) Ar an gcaoi sin, ní mór feabhas a chur ar an gcreat iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE trí thacú le malartú déthaobhach na liostaí cúlghairme deimhnithe idir na Ballstáit.
- (12) Leis an gCinneadh seo, ní chumhdaítear fionraí shealadach na ndeimhnithe le haghaidh cásanna úsáide náisiúnta lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE, de dhroim go bhfuair sealbhóir deimhnithe vacsaínithe toradh deimhneach ar thástáil le haghaidh SARS-CoV-2 cuir i gcás. Tá sin gan dochar do na nósanna imeachta seanbhunaithe chun na rialacha gnó i ndáil le bailíocht na ndeimhnithe a sheiceáil.
- (13) Cé go bhfuil sé indéanta, ó thaobh na teicneolaíochta de, ailtireacht éagsúil a úsáid chun liostaí cúlghairme a mhalartú, is é malartú na liostaí sin tríd an tairseach an bealach is iomchuí de bharr go ndéantar malartuithe sonraí a theorannú don chreat iontaoibhe atá bunaithe cheana agus de bharr go n-íoslaghdaítear leis líon na bpointí féideartha teipe agus malartuithe idir na Ballstáit i gcomparáid le córas malartach idir piaraí.
- (14) Dá réir sin, ba cheart feabhas a chur ar thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE chun tacú le malartú slán Dheimhnithe Digiteacha COVID AE a cúlghaireadh chun críche a bhfíoraithe shláin tríd an Tairseach. Maidir leis sin, ba cheart bearta slándála iomchuí a chur chun feidhme chun na sonraí pearsanta a phróiseáiltear sa tairseach a chosaint. Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit ainm bréige a chur le haitreabúidí deimhnithe trí bhíthin hais do-aisiompaith a chuimsiú sna liostaí cúlghairme. Go deimhin, ba cheart an t-aitheantóir uathúil a mheas mar shonraí faoi ainm bréige le haghaidh na n-oibríochtaí próiseála a dhéantar faoi chuimsiú na tairsí.

- (15) Ina theannta sin, ba cheart forálacha breise a leagan síos maidir le ról na mBallstát agus an Choimisiúin i ndáil le liostaí cúlghairme deimhnithe a mhalartú.
- (16) The processing of personal data of certificate holders, which is done under the responsibility of the Member States or other public organisations or official bodies in the Member States, should be carried out in accordance with Regulation (EU) 2016/679 of the European Parliament and of the Council ⁽⁵⁾. Processing of personal data under the responsibility of the Commission for the purpose of managing and ensuring the security of the EU Digital COVID Certificate Gateway should comply with Regulation (EU) 2018/1725 of the European Parliament and of the Council ⁽⁶⁾.
- (17) Is le chéile a dhéanann na Ballstáit, a ndéanann na húdaráis náisiúnta nó na comhlachtaí oifigiúla ainmnithe ionadaíocht dóibh, cuspóir agus modhanna próiseála sonraí pearsanta trí thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE a chinneadh agus dá bhrí sin is rialaitheoirí comhpháirteacha iad. Le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679, cuirtear oibleagáid ar rialaitheoirí comhpháirteacha oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta a gcuid freagrachtaí féin a chinneadh, ar bhealach trédhearcach, maidir leis na hoibleagáidí faoin Rialachán sin a chomhlíonadh. Foráiltear leis freisin go bhféadfaí na freagrachtaí sin a chinneadh le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil na rialaitheoirí faoina réir. Ba cheart an socrú dá dtagraítear in Airteagal 26 a chuimsiú in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- (18) Le Rialachán (AE) 2021/953, sanntar cúram don Choimisiún chun tacú le malartuithe den chineál sin. Is é an bealach is iomchuí chun an sainordú sin a chomhlíonadh na liostaí cúlghairme deimhnithe arna gcur isteach a chomhthiomsú thar ceann na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart ról próiseálaí sonraí a shannadh don Choimisiún chun tacú leis na malartuithe sin trí mhalartú liostaí a éascú trí thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE thar ceann na mBallstát.
- (19) Mar sholáthraí réiteach teicniúil agus eagraíochtúil ar thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE, déanann an Coimisiún na sonraí pearsanta ar na liostaí cúlghairme sa tairseach a phróiseáil thar ceann na mBallstát mar rialaitheoirí comhpháirteacha. Dá bhrí sin, gníomhaíonn sé mar an próiseálaí na mBallstát. De bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar an phróiseáil a dhéanfaidh próiseálaí a rialú le conradh nó le gníomh dlí faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit atá ina cheangal ar an bpróiseálaí i dtaca leis an rialaitheoir agus lena sonraítear an phróiseáil. Dá bhrí sin, is gá rialacha a leagan síos maidir leis an bpróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún mar phróiseálaí sonraí.
- (20) Ní bhaineann cúram an Choimisiúin le bunachar sonraí lárnach a bhunú dá dtagraítear in Aithris 52 de Rialachán (AE) 2021/953. Is é is aidhm don toirmeasc sin lárstóras de Dheimhniú Digiteach COVID AE uile a eisíodh a sheachaint agus ní chuirtear cosc leis ar na Ballstáit liostaí cúlghairme a mhalartú, dá bhforáiltear go sainráite in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (21) When processing personal data in the EU Digital COVID Certificate gateway, the Commission is bound by Commission Decision (EU, Euratom) 2017/46 ⁽⁷⁾.
- (22) Le hAirteagal 3(10) de Rialachán (AE) 2021/953, ceadáitear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunáitear gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tír a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus na Ballstáit leo maidir le saorghluaiseacht daoine lena gceadaítear do na páirtithe conarthacha srian a chur le saorghluaiseacht den sórt sin ar fhorais a bhaineann leis an tsláinte phoiblí ar mhodh neamh-idirdhealaitheach agus nach bhfuil sásra ionchorpraithe ann maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais. On that basis, the Commission adopted, on 8 July 2021, Implementing Decision (EU) 2021/1126 ⁽⁸⁾ establishing the equivalence of COVID-19 certificates issued by Switzerland.

⁽⁵⁾ Regulation (EU) 2016/679 of the European Parliament and of the Council of 27 April 2016 on the protection of natural persons with regard to the processing of personal data and on the free movement of such data, and repealing Directive 95/46/EC (General Data Protection Regulation) (IO L 119, 4.5.2016, p. 1).

⁽⁶⁾ Regulation (EU) 2018/1725 of the European Parliament and of the Council of 23 October 2018 on the protection of natural persons with regard to the processing of personal data by the Union institutions, bodies, offices and agencies and on the free movement of such data, and repealing Regulation (EC) No 45/2001 and Decision No 1247/2002/EC (IO L 295, 21.11.2018, p. 39).

⁽⁷⁾ The Commission publishes further information on Security standards applying to all European Commission information systems on https://ec.europa.eu/info/publications/security-standards-applying-all-european-commission-information-systems_en.

⁽⁸⁾ Commission Implementing Decision (EU) 2021/1126 of 8 July 2021 establishing the equivalence of COVID-19 certificates issued by Switzerland to the certificates issued in accordance with Regulation (EU) 2021/953 of the European Parliament and of the Council (IO L 243, 9.7.2021, p. 49).

- (23) Le hAirteagal 8(2) de Rialachán 2021/953, ceadaítear don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear, maidir le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag trúú tír i gcomhréir le caighdeán agus córais teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gceart iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE agus lena bhfágtar gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine an deimhnithe a fhíorú, agus ina bhfuil na sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, go measfar go bhfuil na deimhnithe sin coibhéseach le Deimhnithe Digiteacha COVID AE, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta laistigh den Aontas a fheidhmiú. Mar a tugadh faoi deara in Aithris 28 de Rialachán (AE) 2021/953, baineann Airteagal 8(2) le glacadh le deimhnithe arna n-eisiúint ag trúú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus bailí dá dteaghlai. Ghlac an Coimisiún roinnt gníomhartha cur chun feidhme den chineál sin cheana féin.
- (24) Chun bearnaí a sheachaint i mbrath na ndeimhnithe cúlghairthe a chumhdaítear le gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin, ba cheart do na trúú tíortha a meastar a ndeimhnithe COVID-19 a bheith coibhéseach a bheith in ann liostaí ábhartha cúlghairme deimhnithe a chur isteach i dtairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE de bhun Airteagal 3(10) agus Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (25) Maidir le roinnt náisiúnach trúú tír a bhfuil deimhnithe COVID-19 cúlghairthe ina seilbh acu, deimhnithe a d'eisigh trúú tír a meastar a ndeimhnithe COVID-19 a bheith coibhéseach de bhun Rialachán (AE) 2021/953, féadfaidh siad teacht lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin sin nó Rialachán (AE) 2021/954 tráth a ghineann an trúú tír lena mbaineann liosta cúlghairme lena n-áirítear a ndeimhnithe. Mar sin féin, cé acu a thagann nó nach dtagann gach sealbhóir ar náisiúnach trúú tír é a bhfuil deimhnithe cúlghairthe ina seilbh aige faoi raon feidhme ceachtar den dá Rialachán, ní féidir é a thuar tráth a ghineann an trúú tír lena mbaineann liosta cúlghairme deimhnithe. Dá réir sin, níl sé indéanta féachaint le daoine nach gcumhdaítear le raon feidhme ceachtar den dá rialachán a eisiáimh tráth a ghintear liostaí cúlghairme deimhnithe na dtíortha sin agus má dhéantar iarracht sin a dhéanamh, ní bheadh na Ballstáit in ann deimhnithe cúlghairthe atá i seilbh náisiúnach trúú tír atá ag taisteal chuig an Aontas den chéad uair a bhrath. Mar sin féin, d'fhíoródh na Ballstáit deimhnithe cúlghairthe na náisiúnach trúú tír sin fiú nuair a bheadh a sealbhóirí ag taisteal chuig an Aontas, agus ina dhiaidh sin, nuair a bheadh siad ag taisteal laistigh den Aontas. Na trúú tíortha a meastar a ndeimhnithe a bheith coibhéseach de bhun Rialachán (AE) 2021/953, níl baint acu le rialachas na tairisí agus, dá bhrí sin, ní cháilíonn siad mar rialaitheoirí comhpháirteacha.
- (26) Ina theannta sin, léiríodh gurb é córas Dheimhniú Digiteach COVID AE an t-aon chóras deimhniúcháin COVID-19 atá oibríochtúil ar an leibhéal idirnáisiúnta ar mhórsála. Mar thoradh air sin, tá tábhacht dhomhanda níos mó ag baint le Deimhniú Digiteach COVID AE agus chuidigh sé le haghaidh a thabhairt ar an bpaindéim ar an leibhéal idirnáisiúnta, trí thaisteal sábháilte idirnáisiúnta agus téarnamh domhanda a éascú. De réir mar a ghlactar gníomhartha cur chun feidhme breise de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953, tagann riachtanais nua maidir le sonraí a chur i nDeimhniú Digiteach COVID AE chun cinn. De réir na rialacha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073, is réimse éigeantach é an sloinne in inneachar teicniúil an deimhnithe. Is gá an ceanglas sin a leasú chun cuimsiú agus idir-inoibritheacht le córais eile a chur chun cinn, ós rud é go bhfuil daoine nach bhfuil sloinne acu i roinnt trúú tíortha. I gcásanna nach féidir ainm shealbhóir an deimhnithe a roinnt ina dhá chuid, ba cheart an t-ainm a chur sa réimse céanna (sloinne nó céadainm) de Dheimhniú Digiteach COVID AE, mar a dhéanfaí i ndoiciméad taistil nó doiciméad aitheantais an tsealbhóra. Leis an athrú sin, dhéanfaí inneachar teicniúil na ndeimhnithe a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na sonraíochtaí atá bailí faoi láthair maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite a d'fhoilsigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.
- (27) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 a leasú dá réir sin.
- (28) The European Data Protection Supervisor was consulted in accordance with Article 42(1) of Regulation (EU) 2018/1725 and delivered an opinion on 11 March 2022.
- (29) To allow Member States and the Commission sufficient time to implement the changes needed to enable the exchange of certificate revocation lists via the EU Digital COVID Certificate gateway, this Decision should start to apply four weeks after its entry into force.
- (30) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a cuireadh ar bun faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal 5 a, an tAirteagal 5b agus an tAirteagal 5c seo a leanas isteach:

“Airteagal 5a

Malartú na liostaí cúlghairme deimhnithe

1. Leis an gcreat iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE, beifear in ann liostaí cúlghairme deimhnithe a mhalartú trí thairseach lárnach Dheimhniú Digiteach COVID AE (‘an tairseach’) i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla in Iarscríbhinn I.
2. I gcás ina gcúlghairfidh na Ballstáit Deimhnithe Digiteacha COVID AE, féadfaidh siad liostaí cúlghairme deimhnithe a chur isteach sa tairseach.
3. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit liostaí cúlghairme isteach, coimeádfaidh na húdaráis eisiúna liosta de na deimhnithe a cúlghaireadh.
4. I gcás ina malartófar sonraí pearsanta tríd an tairseach, beidh an phróiseáil teoranta don chuspóir tacú le faisnéis cúlghairme a mhalartú. Ní úsáidfeadh sonraí pearsanta den sórt sin ach amháin chun stádas cúlghairme Dheimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2021/953 a fhíorú.
5. Beidh na sonraí seo a leanas san fhaisnéis a chuirfeadh isteach sa tairseach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla in Iarscríbhinn I:
 - (a) aitheantóirí uathúla deimhnithe na ndeimhnithe cúlghairthe faoi ainm bréige,
 - (b) dáta éaga maidir leis an liosta cúlghairme deimhnithe a cuireadh isteach;
6. I gcás ina ndéanann údarás eisiúna Dheimhnithe Digiteacha COVID AE a d’eisigh sé de bhun Rialachán (AE) 2021/953 nó Rialachán (AE) 2021/954 a chúlghairm agus i gcás ina bhfuil sé beartaithe aige faisnéis ábhartha a mhalartú tríd an tairseach, déanfaidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 i bhfoirm liostaí cúlghairme deimhnithe a tharchur chuig an tairseach i bhformáid shlán i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla in Iarscríbhinn I.
7. Cuirfidh na húdaráis eisiúna, a mhéid is féidir, réiteach ar fáil chun sealbhóirí deimhnithe cúlghairthe a chur ar an eolas faoi stádas cúlghairme a ndeimhnithe agus faoin gcúis atá leis an gcúlghairm tráth na cúlghairme.
8. Baileofar na liostaí cúlghairme deimhnithe a fhaightear leis an tairseach. Cuirfeadh uirlisí ar fáil chun na liostaí a dháileadh ar na Ballstáit. Scríosfaidh sé liostaí go huathoibríoch i gcomhréir leis na dátaí éaga a chuirtear in iúl maidir le gach liosta a chuir an t-údarás is aighnitheoir isteach.
9. Na húdaráis náisiúnta ainmnithe nó comhlachtaí oifigiúla ainmnithe na mBallstát a phróiseálann sonraí pearsanta sa tairseach, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha ar na sonraí a phróiseáiltear. Déanfar freagrachtaí na rialaitheoirí comhpháirteacha a leithdháileadh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.
10. Is é an Coimisiún a bheidh ina phróiseálaí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear laistigh den tairseach. Ina cháil mar phróiseálaí thar ceann na mBallstát, áiritheoidh an Coimisiún slándáil an tarchurtha agus na hóstála sonraí pearsanta laistigh den tairseach agus comhlíonfaidh sé oibleagáidí an phróiseálaí a leagtar síos in Iarscríbhinn VII.
11. Déanfaidh an Coimisiún agus na rialaitheoirí comhpháirteacha tástáil, measúnú agus meastóireacht rialta ar éifeachtacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil maidir le slándáil na sonraí pearsanta a áirithiú laistigh den tairseach.

Airteagal 5b

Liostaí cúlghairme deimhnithe arna gcur isteach ag tríú tíortha

Tríú tíortha a eisíonn deimhnithe COVID-19 ar ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina leith de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953, féadfaidh siad liostaí de dheimhnithe cúlghairthe COVID-19 a chumhdáitear le gníomh cur chun feidhme den sórt sin a phróiseáiltear in Airteagal 5a a chur isteach, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 5c

Rialachas na próiseála sonraí pearsanta i dtairseach lárnach Dheimhniú Digiteach COVID AE

1. Déanfaidh meitheal arna bunú faoin gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953 próiseas cinnteoireachta na rialaitheoirí comhpháirteacha a rialú.

2. Na húdaráis náisiúnta ainmnithe nó comhlachtaí oifigiúla na mBallstát a phróiseálann sonraí pearsanta sa tairseach mar rialaitheoirí chomhphárteacha, ainmneoidh siad ionadaíthe don ghrúpa sin.”

- (2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (3) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (4) déantar an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur isteach mar Iarscríbhinn VI;
- (5) déantar an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur isteach mar Iarscríbhinn VII.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige 4 seachtain tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN


IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 cuirtear isteach an roinn 9 seo a leanas:

“9. AN RÉITEACH CÚLGHAIRME

9.1. **Liosta cúlghairme DCC (Deimhniú Digiteach COVID) a sholáthar**

Soláthrófar sa tairseach críochphointí agus an fheidhmiúlacht chun na liostaí cúlghairme a choinneáil agus a bhainistiú:

9.2. **An tSamhail Iontaoibhe**

Bunaítear gach nasc leis an tsamhail iontaoibhe DCCG chaighdeánach (Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE) trí na deimhnithe NB_{TLS} agus NB_{UP} (féach rialú deimhnithe). Déantar faisnéis a phacáil agus a uaslódáil trí theachtaireachtaí CMS chun a sláine a áirithiú.

9.3. **Cruthú Baisceanna**9.3.1. *Baisc*

I ngach liosta cúlghairme beidh iontráil amháin nó níos mó agus pacálfar é i mbaisceanna ina mbeidh sraith haiseanna (hashes) agus na meiteashonraí a gabhann leo. Tá baisceanna do-athraithe (immutable) agus sainíonn siad dáta éaga lena léirítear cén uair is féidir an bhaisc a scríosadh. Ní mór an dáta éaga céanna a bheith ag na n-ítimí ar fad sa bhaisc – rud a chiallaíonn nach mór baisceanna a ghrúpáil faoi dháta éaga agus trí DSC (Deimhniú Sínteora Doiciméad) a shíniú. Beidh 1 000 iontráil ar a mhéad i ngach baisc. Má bhíonn níos mó ná 1 000 iontráil sa liosta cúlghairme, déanfar roinnt baisceanna a chruthú. Is féidir aon iontráil tarlú uair amháin in aon bhaisc amháin ar a mhéad. Déanfar an bhaisc a phacáil i struchtúr CMS agus déanfar í a shíniú trí dheimhniú NB_{UP} ón tír is uaslódálaí.

9.3.2. *Innéacs baiseanna (Batch Index)*

Nuair a chruthaítear baisc sannfar ID uathúil di leis an tairseach agus cuirfead leis an innéacs go huathoibríoch í. Cuirtear an t-innéacs baiseanna (index of batches) in ord an dáta mhodhnaithe, in ord ardaitheach croineolaíoch.

9.3.3. *Iompraíocht na tairsí*

Déanann an tairseach baisceanna cúlghairme a phróiseáil gan aon athrú a dhéanamh orthu: ní féidir leis aon fhaisnéis sna baisceanna a uasdátú, a bhaint dífh, nó a chur leo. Cuirtear na baisceanna ar aghaidh chuig gach tír údaraithe (féach caibidil 9.6).

Breathnaíonn an tairseach go gníomhach dátaí éagtha baisceanna agus baineann sé baisceanna atá imithe in éag. Tar éis baisc a scríosadh, aischiureann an tairseach freagairt “HTTP 410 Gone” i ndáil leis an URL a scríosadh. Dá bhrí sin, tá an bhaisc le fáil san innéacs baisceanna mar “deleted”.

9.4. Cineálacha haiseanna (Hash Types)

Sa liosta cúlghairme tá haiseanna lenar féidir cineálacha/aitreabúidí éagsúla cúlghairme a léiriú. Léireofar na cineálacha sin nó na haitreabúidí sin i soláthar na liostaí cúlghairme. Is iad seo a leanas na cineálacha atá ann faoi láthair:

Cineál	Aitreabúid	An Ríomh Haise
SÍNÍÚ	DCC Signature	SHA256 of DCC Signature
UCI	UCI (Unique Certificate Identifier)	SHA256 of UCI
COUNTRYCODEUCI	Issuing Country Code + UCI	SHA256 of Issuing CountryCode + UCI

Ní ionchódaítear ach na chéad 128 bits de na haiseanna mar go gcuirtear teaghráin (strings) base64 isteach sna baisceanna agus úsáidtear iad chun an DCC cúlghairthe a shainaithint. ⁽¹⁾

9.4.1. An cineál haise: SHA256(DCC Signature)

Sa chás sin déantar an hais a ríomh le bites shíniú COSE_SIGN1 ón CWT, i gcás sínithe RSA, úsáidfean an síniú iomlán mar ionchur. Is é an fhoirmle le haghaidh deimhnithe sínithe EC-DSA an luach r a úsáid mar ionchur:

SHA256(r)

[ceangailteach le haghaidh gach cur chun feidhme]

9.4.2. An cineál haise: SHA256(UCI)

Sa chás sin déantar an hais a ríomh leis an teaghrán UCI ionchódaithe in UTF-8 agus déantar í a thiontú ina heagar birt (byte array).

[dímholta ⁽²⁾, ach tacaítear é le haghaidh comhoiriúnacht shiarghabhálach]

9.4.3. An cineál haise: SHA256(Issuing CountryCode+UCI)

Sa chás sin CountryCode arna ionchódú mar theaghrán UTF-8 comhchaitéinthe leis an UCI arna ionchódú le teaghrán UTF-8. Ansin, déantar é sin a thiontú ina eagar birt agus úsáidtear é mar ionchur san fheidhm haise.

[dímholta², ach tacaítear é le haghaidh comhoiriúnacht shiarghabhálach]

9.5. Struchtúr API

9.5.1. Soláthar Iontrála Cúlghairme API

9.5.1.1. Cuspóir

Seachadann an API iontrálacha an liosta cúlghairme i mbaisceanna, lena n-áirítear innéacs baisceanna.

9.5.1.2. Críochphointí (Endpoints)

⁽¹⁾ Féach 9.5.1.2 chomh maith le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar na APIanna

⁽²⁾ Ciallaíonn dímholta nach ndéanfar an ghné sin a mheas i gcás cur chun feidhme nua ach go dtacófar léi i gcás cur chun feidhme atá ann cheana ar feadh tréimhse dea-shainithe ama.

9.5.1.2.1. Críochphointe Íoslódála an Liosta Baisceanna

Tá dearadh simplí ar na críochphointí lena n-aischuirtear liosta baisceanna ag a mbíonn rapar lena soláthraítear meiteashonraí. Déantar na baisceanna a shórtáil de réir *dáta* agus in ord *ardaitheach* (*croineolaíoch*):
/revocation-list

Verb: GET

Content-Type: application/json

Response: JSON Array

```
{
  'more':true|false,
  'batches':
    [
      {
        'batchId': '{uuid}',
        'country': 'XY',
        'date': '2021-11-01T00:00:00Z'
        'deleted': true | false
      }, ..
    ]
}
```

Nóta: Tá an toradh teoranta de réir réamhshocraithe do 1 000. Má bhíonn an bhratach 'more' socraithe go true, tugtar le fios leis an bhfreagairt go bhfuil tuilleadh baisceanna ar fáil lena n-íoslódáil. Chun tuilleadh ítimí a íoslódáil ní mór don chliant an ceanntásc If-Modified-Since a shocrú go dáta nach luaithe ná an iontráil dheireanach a fuarthas.

Tá eagar JSON sa fhreagairt ina bhfuil an struchtúr seo a leanas:

Réimse	Sainmhíniú
more	Bratach Boolean a thugann le fios gurb ann do thuilleadh baisceanna.
batches	Eagar leis na baisceanna atá ann cheana féin.
batchId	https://en.wikipedia.org/wiki/Universally_unique_identifier
country	Cód Tíre ISO 3166
date	Dáta AUL ISO 8601. An dáta a cuireadh an bhaisc isteach nó a scriosadh í.
deleted	boolean. True [Fíor] má scriostar í. Nuair a bheidh an bhratach scriosta socraithe, is féidir an iontráil a bhaint go críochnaitheach de thorthaí an chuardaigh tar éis 7 lá.

9.5.1.2.1.1. Cóid Freagartha

Cód	Tuairisc
200	Gach rud ceart go leor.
204	Níl aon inneachar ann, mura bhfuil aon mheaitseáil le hinneachar Ceanntásc 'If-Modified-Since'.

Ceanntásc Iarrata

Ceanntásc	Éigeantach	Tuairisc
If-Modified-Since	Tá	Sa cheanntásc sin tá an dáta deireanach is féidir na torthaí is nua amháin a íoslódáil. Sa ghlaob bunaidh ba cheart an ceanntásc a shocrú go '2021-06-01T00:00:00Z'

9.5.1.2.2. Críochphointe Íoslódála na mBaisceanna

Tá liosta aitheantóirí deimhnithe sna baisceanna:

/revocation-list/{batchId}

Verb: GET

Accepts: application/cms

Response: CMS with Content

```
{
  'country': 'XY',
  'expires': '2022-11-01T00:00:00Z',
  'kid': '23S+33f=',
  'hashType': 'SIGNATURE',
  'entries': [{
    'hash': 'e2e2e2e2e2e2e2e2'
  }, ..]
}
```

Tá CMS sa fhreagairt lena n-áirítear síniú agus is gá é a bheith ag teacht le deimhniú NB_{UP} na tíre. Tá an struchtúr seo a leanas i ngach ítim san eagar JSON:

Réimse	Éigeantach	Cineál	Sainmhíniú
expires	Tá	String	An dáta is féidir an ítim a bhaint. ISO8601 Dáta/Am AUL
country	Tá	String	Cód Tíre ISO 3166
hashType	Tá	String	Cineál Haise na n-iontrálacha arna soláthar (féach Cineálacha haiseanna)
entries	Tá	JSON Object Array	Féach an Tábla Iontrálacha
kid	Tá	String	KID an DSC, é ionchódaithe go base64, a úsáidtear chun an DCC a shíniú. Murab eol an KID is féidir an teaghrán 'UNKNOWN_KID' a úsáid (cé is moite den').

Nótaí:

— Déanfar baisceanna a ghrúpáil de réir dáta éaga agus DSC – rachaidh na hítimí ar fad in éag an tráth céanna agus beidh siad sínithe leis an eochair chéanna.

- Is dáta/am de réir AUL gach am éaga ós rud é gur córas domhanda é EU-DCC agus ní mór dúinn am gan débhrí a úsáid.
- Socrófar dáta éaga DCC chúlghairthe go buan ag dáta éaga an DSC comhfhreagraigh a úsáidtear chun an DCC a shíniú nó Am Éaga an DCC chúlghairthe (sa chás sin, caithfear leis an DátaUimhriúil/am sealaid (NumericDate/epoch time) mar dháta agus am de réir amchrios AUL).
- Leis an gCúl Náisiúnta (NB) bainfear ítimí óna liosta cúlghairme nuair a shroichfear an dáta **éaga**.
- Féadfaidh NB ítimí a bhaint dá liosta cúlghairme sa chás go bhfuil an **kid** a úsáideadh chun an DCC a shíniú cúlghairthe.

9.5.1.2.2.1. Iontrálacha

Réimse	Éigeantach	Cineál	Sainmhíniú
hash	Tá	String	Na chéad 128 bits den hais SHA256 ionchódaithe mar theaghrán base64.

Nóta: In oibiacht na n-iontrálacha faoi láthair níl ann ach hais, ach ionas go mbeidh sí comhoiriúnach le hathruithe a bheidh ann amach anseo roghnaíodh oibiacht, in ionad eagar json.

9.5.1.2.2.2. Cóid Freagartha

Cód	Tuairisc
200	Gach rud ceart go leor.
410	Tá an bhaisc imithe. Is féidir an bhaisc a scríosadh sa chúl náisiúnta.

9.5.1.2.2.3. Ceanntáisc Freagartha

Ceanntáisc	Tuairisc
Etag	ID Baisce.

9.5.1.2.3. Críochphointe Uaslódála Baisce

Déantar an uaslódáil thar an gcríochphointe chéanna leis an Verb POST:

/revocation-list

Verb: POST

Accepts: application/cms

Request: CMS with Content

ContentType: application/cms

Content:

```
{
  'country': 'XY',
  'expires': '2022-11-01T00:00:00Z',
  'kid': '23S+33f='
```



```
'hashType': 'SIGNATURE',
'entries': [
  {
    'hash': 'e2e2e2e2e2e2e2e2e2'
  }, ...]
}
```

Déanfar an bhaisc a shíniú trí dheimhniú NB_{UP} a úsáid. Fíoróidh an Tairseach gur socraíodh an síniú leis an NB_{UP} le haghaidh na (tíre) atá i gceist. Má theipeann ar sheiceáil an tsínithe, teipfidh ar an uaslódáil.

NÓTA: Tá gach baisc do-athraithe agus ní féidir iad a athrú tar éis a n-uaslódála. Is féidir iad a scriosadh, áfach. Stóráiltear ID gach baisc a scriosadh, agus diúltaítear d'uaslódáil baisce nua ag a bhfuil an ID céanna.

9.5.1.2.4. Críochphointe Scriosta Baisce

Is féidir baisc a scriosadh thar an gcríochphointe chéanna leis an Verb DELETE:

/revocation-list

Verb: DELETE

Accepts: application/cms

ContentType: application/cms

Request: CMS with Content

Content:

```
{
  'batchId': '...'
}
```

nó, ar chúiseanna comhoiriúnachta, chuig an gcríochphointe seo a leanas leis an Verb POST:

/revocation-list/delete

Verb: POST

Accepts: application/cms

ContentType: application/cms

Request: CMS with Content

Content:

```
{
  'batchId': '...'
}
```

9.6. Cosaint API/RGCS

Sonraítear sa roinn seo bearta chun go mbeidh an cur chun feidhme i gcomhréir le forálacha Rialachán 2021/953 a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil.

9.6.1. Fíordheimhniú atá ann cheana

Úsáideann an Tairseach an deimhniú NB_{TLs} faoi láthair chun tíortha atá ag nascadh leis an Tairseach a fhíordheimhniú. Is féidir an fíordheimhniúchán sin a úsáid chun céannacht na tíre atá nasctha leis an Tairseach a chinneadh. Is féidir an chéannacht sin a úsáid ansin chun rialú rochtana a chur chun feidhme.

9.6.2. *Rialú Rochtana*

Ionas gur féidir sonraí pearsanta a phróiseáil go dlíthiúil cuirfidh an Tairseach sásra rialaithe rochtana chun feidhme.

Cuireann an tairseach Liosta Rialaithe Rochtana chun feidhme i dteannta le Slándáil Rólbhunaithe. Sa scéim sin, déanfar dhá thábla a choimeád ar bun – tábla amháin ina dtugtar tuairisc ar cé na Róil lenar féidir Oibríocht ar leith a shannadh d'Acmhainn ar leith, tugtar tuairisc sa tábla eile ar cé na Róil a shanntar d'Úsáideoir ar leith.

Chun na rialuithe á éilítear leis an doiciméad seo a chur chun feidhme, tá gá leis na trí Ról seo a leanas:

RevocationListReader

RevocationUploader

RevocationDeleter

Leis na críochphointí seo a leanas déanfar a sheiceáil an bhfuil an Ról RevocationListReader ag an Úsáideoir; má tá an ról sin aige deonófar rochtain, mura bhfuil an ról sin aige aischiúfear HTTP 403 Forbidden:

GET/revocation-list/

GET/revocation-list/{batchId}

Leis na críochphointí déanfar a sheiceáil an bhfuil an Ról RevocationUploader ag an Úsáideoir; má tá an ról sin aige deonófar rochtain, mura bhfuil an ról sin aige aischiúfear HTTP 403 Forbidden:

POST/revocation-list

Leis na críochphointí seo a leanas déanfar a sheiceáil an bhfuil an Ról RevocationDeleter ag an Úsáideoir; má tá an ról sin aige deonófar rochtain, mura bhfuil an ról sin aige aischiúfear HTTP 403 Forbidden:

DELETE/revocation-list

POST/revocation-list/delete

Cuirfidh an Tairseach modh iontaofa ar fáil freisin lenar féidir leis na riarthóirí na Róil atá nasctha leis na hÚsáideoirí a bhainistiú ar bhealach ina laghdófar an seans go mbeidh earráidí daonna ann agus, ag an am céanna, nach cuirfidh siad ualach ar na riarthóirí feidhmiúla.”

—

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3 de Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2021/1073:

“3. Struchtúir chomhchoiteanna agus ceanglais ghinearálta

Ní eiseofar Deimhniú Digiteach COVID AE más rud é nach féidir na réimsí sonraí go léir a líonadh i gceart i gcomhréir leis an tsonraíocht sin mar gheall ar fhaisnéis atá in easnamh. **Ní thuigfear as sin go ndéanann sé sin difear d’oibleagáid na mBallstát Deimhniú Digiteacha COVID AE a eisiúint.**

Féadfar faisnéis i ngach réimse a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as an tacar iomlán carachtar UNICODE 13.0 atá ionchódaithe trí UTF-8 a úsáid, ach amháin má tá sé teoranta go sonrath do thacair luacha nó do thacair charachtair níos cúinge.

Is mar seo a leanas a bheidh an struchtúr comhchoiteanna:

```

"JSON":{
  "ver":<faisnéis faoin leagan>,
  "nam":{
    <faisnéis ainm duine>
  },
  "dob":<dáta breithe>,
  "v" nó "t" nó "r":[
    {<vaccination dose or test or recovery information, one entry>}
  ]
}

```

Cuirfear faisnéis mhionsonraithe maidir le grúpaí agus réimsí aonair ar fáil sna chéad ranna eile.

I gcás ina dtugtar le fios leis na rialacha an réimse a scipeáil, ciallaíonn sé sin nach mór a inneachar a bheith folamh agus nach gceadaítear ainm ná luach an réimse a bheith ann san inneachar.

3.1 Leagan

Cuirfear faisnéis faoi na leaganacha ar fáil. De réir Próiseas Déanta Leaganacha Séimeantach a chuirtear Próiseas Déanta Leaganacha i gcrích (semver: <https://semver.org>). Sa táirgeadh, beidh sé ar cheann de na leaganacha a eisíodh go hoifigiúil (an leagan atá ann faoi láthair nó ceann de na leaganacha níos sine a eisíodh go hoifigiúil). Féach an Roinn JSON Schema location [Suíomh Scéimre JSON] chun tuilleadh sonraí a fháil.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
ver	Leagan scéimre	Beidh sé ag teacht le haitheantóir an leagain scéimre a úsáidtear chun EUDCC a tháirgeadh. Sampla: "ver": "1.3.0"

3.2 Ainm agus dáta breithe an duine

Is é ainm an duine ainm iomlán oifigiúil an duine, arb ionann é agus an t-ainm atá luaite ar dhoiciméid taistil. Is é *nam* aitheantóir an struchtúir. Go beacht cuirfear 1 (aon) ainm duine amháin ar fáil.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
nam/fn	Sloinne (Sloinnnte)	Sloinne (Sloinnnte) an tsealbhóra, Mura bhfuil sloinne ag an sealbhóir agus tá céadainm aige, déanfar an réimse a scipeáil. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholamh amháin ar fáil go beacht, agus gach sloinne san áireamh ann. I gcás ilsloinnnte, beidh spás eatarthu. I gcás ainmneacha teaglain lena n-áirítear fleiscíní nó carachtair chomhchosúla, ní mór dóibh a bheith mar an gcéanna.

		Samplaí: "fn": "Musterfrau-Gössinger" "fn": "Musterfrau-Gössinger Müller"
nam/fnt	Sloinne caighdeánaithe	Traslitríú a dhéanamh ar shloinne an tsealbhóra ag úsáid an choinbhinsiúin chéanna a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite an tsealbhóra (amhail na rialacha a shainítear in ICAO Doc 9303 Cuid 3). Mura bhfuil sloinne ag an sealbhóir agus tá túsainm aige, déanfar an réimse a scipeáil. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholaigh amháin ar fáil go beacht, lena n-áirítear carachtair A-Z agus < agus na carachtair sin amháin. Fad uasta: 80 carachtar (de réir shonraíocht ICAO 9303). Samplaí: "fnt": "MUSTERFRAU<GOESSINGER" "fnt": "MUSTERFRAU<GOESSINGER<MUELLER"
nam/gn	Túsainmneacha	Túsainmneacha, amhail céadainmneacha an tsealbhóra. Mura bhfuil túsainm ag an sealbhóir agus tá sloinne aige, déanfar an réimse a scipeáil. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholaigh amháin ar fáil go beacht, agus gach túsainm san áireamh ann. I gcás il-túsainmneacha, beidh spás eatarthu. Sampla: "gn": "Isolde Erika"
nam/gnt	Túsainmneacha caighdeánaithe	Traslitríú a dhéanamh ar thúsainmneacha an tsealbhóra ag úsáid an choinbhinsiúin chéanna a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite an tsealbhóra (amhail na rialacha a shainítear in ICAO Doc 9303 Cuid 3). Mura bhfuil túsainm ag an sealbhóir agus tá sloinne aige, déanfar an réimse a scipeáil. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholaigh amháin ar fáil go beacht, lena n-áirítear carachtair A-Z agus < agus na carachtair sin amháin. Fad uasta: 80 carachtar. Sampla: "gnt": "ISOLDE<ERIKA"
dob	Dáta breithe	Dáta breithe shealbhóir DCC. Dáta iomlán nó dáta i bpáirt gan teorainn leis an am idir 1900-01-01 agus 2099-12-31. Go beacht cuirfear 1 (aon) spás neamhfholaigh amháin ar fáil más eol an dáta breithe ina iomlán nó i bpáirt. Murab eol an dáta breithe fiú i bpáirt, socrófar an réimse go teaghrán folamh "". Beidh sé seo ag teacht leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ar na doiciméid taistil. Úsáidfeadh ceann de na formáidí ISO 8601 seo a leanas má tá faisnéis faoin dáta breithe ar fáil. Ní thacaítear le roghanna eile. YYYY-MM-DD YYYY-MM YYYY (Féadfaidh an aip fíoraitheora codanna den dáta breithe in easnamh a thaispeáint agus an choinbhinsiún XX á úsáid, mar a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite, e.g. 1990-XX-XX.) Samplaí: "dob": "1979-04-14" "dob": "1901-08" "dob": "1939" "dob": ""

3.3. *Grúpaí maidir le faisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcineál deimhnithe*

Tacaíonn Scéimre JSON le trí ghrúpa iontrálacha a chuimsíonn faisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcineál deimhnithe. Beidh 1 (aon) ghrúpa amháin i ngach EUDCC go beacht. Ní cheadaítear grúpaí folmha.

Aithean- tóir an Ghrúpa	Ainm an ghrúpa	Iontrálacha
v	Grúpa vacsaínithe	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc chruinn ar 1 (aon) dáileog vacsaínithe amháin (aon dáileog amháin) go beacht.
t	Grúpa tástála	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil ann go beacht amháin ina mbeidh tuairisc ar 1 (aon) toradh tástála amháin go beacht.
r	Grúpa téarnaimh	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc ar 1 (aon) ráiteas téarnaimh amháin go beacht.”

IARSCRÍBHINN III

"IARSCRÍBHINN VI

FREAGRACHTAÍ NA MBALLSTÁT MAR RIALAITHEOIRÍ COMHPHÁIRTEACHA MAIDIR LE TAIRSEACH DHEIMHNIÚ DIGITEACH COVID AE LE HAGHAIDH IDIRMHALARTÚ LIOSTAÍ CÚLGHAI RME DCC AE

ROINN 1

Foroim 1

Roinnt na bhfreagrachtaí

- (1) Déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha sonraí pearsanta a phróiseáil trí thairseach an chreata iontaoibhe i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla in Iarscríbhinn I.
- (2) Is iad údaráis eisiúna na mBallstát i gcónaí an t-aon rialaitheoir le haghaidh bailiú, úsáid, nochtadh agus aon phróiseáil eile ar fhaisnéis cúlghairme lasmuigh den tairseach, lena n-áirítear le haghaidh an nós imeachta as a n-eascraíonn cúlghairm deimhnithe.
- (3) Beidh gach rialaitheoir freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil i dtairseach an chreata iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagail 5, 24 agus 26 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- (4) Bunóidh rialaitheoir pointe teagmhála ag a bhfuil bosca ríomhphoist feidhmiúil a fheidhmeoidh mar dheis chumarsáide idir na rialaitheoirí comhpháirteacha agus idir na rialaitheoirí comhpháirteacha agus an próiseálaí.
- (5) Tabharfar sainordú do mheitheal arna bunú ag an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953 chun cinneadh a dhéanamh maidir le haon saincheist a eascraíonn as malartú liostaí cúlghairme agus as rialú chomhpháirteach na próiseála sonraí pearsanta lena mbaineann agus chun treoracha comhordaithe a éascú don Choimisiún mar phróiseálaí. Is í an mheitheal sin a rialaíonn próiseas cinnteoireachta na rialaitheoirí comhpháirteacha agus na rialacha nós imeachta atá le glacadh aici. Mar riail bhonnlíne, is é a toradh a bheidh ar neamh-rannpháirteachas aon cheann de na rialaitheoirí comhpháirteacha i gcruinniú den mheitheal, cruinniú a fógraíodh i scríbhinn seacht (7) lá sular tionóladh é, go mbeidh comhaontú intuigthe le torthaí an chruinnithe sin den mheitheal. Is féidir le haon rialaitheoir comhpháirteach cruinniú den mheitheal sin a thionól.
- (6) Is ó phointe teagmhála aon cheann de na rialaitheoirí comhpháirteacha a chuirfear treoracha chuig an bpróiseálaí, i gcomhaontú leis na rialaitheoirí comhpháirteacha eile, de réir nós imeachta cinnteoireachta na meithle a leagtar amach in (5) thuas. Ba cheart don rialaitheoir comhpháirteach a chuireann an treoir ar fáil iad a chur ar fáil don phróiseálaí i scríbhinn, agus gach rialaitheoir comhpháirteach eile a chur ar an eolas faoi sin. Má bhíonn an t-ábhar i dtrácht práinneach go leor ó thaobh ama de nach féidir cruinniú den mheitheal dá dtagraítear in (5) thuas a thionól, is féidir treoir a thabhairt mar sin féin, ach is féidir leis an meithle an treoir sin a chealú. Ba cheart an treoir sin a thabhairt i scríbhinn, agus ba cheart gach rialaitheoir comhpháirteach eile a chur ar an eolas faoi sin tráth a thugtar an treoir.
- (7) Leis an meitheal arna cur ar bun de réir (5) thuas, ní chuirtear bac ar an inniúlacht aonair ag aon rialaitheoir comhpháirteach a údarás maoirseachta inniúil a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 24 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ní éilítear toiliú na rialaitheoirí comhpháirteacha eile chun an fógra sin a thabhairt.
- (8) Faoi raon feidhme na tairseacha iontaoibhe, ní fhéadfaidh ach daoine atá údaraithe ag na húdaráis náisiúnta ainmnithe nó ag comhlachtaí oifigiúla rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta a mhalartófar.
- (9) Coimeádfaidh gach údarás eisiúna taifead de na gníomhaíochtaí próiseála a thagann faoi scáth a chuid freagrachta. Féadfar an rialú comhpháirteach a léiriú ar an taifead.

Foroim 2

Freagrachtaí agus ról maidir le hiarrataí na ndaoine is ábhar do na sonraí a láimhseáil agus iad a chur ar an eolas

- (1) Déanfaidh gach rialaitheoir, ina ról mar údarás eisiúna, faisnéis a sholáthar do dhaoine nádúrtha a ndearna sé a ndeimhniú a chúlghairm ('na daoine is ábhar do na sonraí') maidir leis an gcúlghairm sin agus maidir leis an bpróiseáil a rinneadh ar a gcuid sonraí pearsanta i dTairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE chun tacú le malartú liostaí cúlghairme, i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh nó má tá iarracht dhíréireach ag baint leis sin.
- (2) Gníomhóidh gach rialaitheoir mar phointe teagmhála do dhaoine nádúrtha a bhfuil an deimhniú acu cúlghairthe agus láimhseálfaidh sé na hiarrataí arna gcur isteach ag daoine is ábhar do na sonraí nó ag a n-ionadaithe i bhfeidhmiú a gceart i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Má fhaigheann rialaitheoir comhpháirteach iarraidh ó dhuine is ábhar sonraí, a bhaineann le deimhniú arna eisiúint ag rialaitheoir comhpháirteach eile, cuirfidh sé an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoi chéannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora chomhpháirtigh sin atá freagrach. Má iarrann rialaitheoir comhpháirteach eile amhlaidh, tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha cúnadh dá chéile chun iarrataí na ndaoine is ábhar do na sonraí a láimhseáil agus tabharfaidh siad freagra ar a chéile gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de mhí amháin ón iarraidh ar chúnadh a fháil. Má bhaineann iarraidh le sonraí arna gcur isteach ag tríú tír, láimhseálfaidh an rialaitheoir a fuair an iarraidh í agus cuirfidh sé an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoi chéannacht agus sonraí teagmhála an údaráis eisiúna sa tríú tír.
- (3) Cuirfidh gach rialaitheoir inneachar na hlarscríbhíne seo ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear na socrúithe a leagtar síos i bpointí 1 agus 2.

ROINN 2

Bainistiú teagmhas slándála, lena n-áirítear sárúithe ar shonraí pearsanta

- (1) Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha cúnadh dá chéile chun aon teagmhas slándála, lena n-áirítear sárúithe ar shonraí pearsanta, a shainaithint agus a láimhseáil, ar teagmhais iad atá nasctha leis an bpróiseáil i dTairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE.
- (2) Go sonrach, cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an méid seo a leanas in iúl dá chéile:
 - (a) aon riosca féideartha nó iarbhrí d'infhaighteacht, rúndacht agus/nó sláine na sonraí pearsanta a bhfuil próiseáil á déanamh orthu i dtairseach an chreata iontaoibhe;
 - (b) aon sárú ar shonraí pearsanta, na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag an sárú ar shonraí pearsanta agus an measúnú ar an riosca atá ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, agus aon bheart a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar shonraí pearsanta agus chun an riosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a mhaolú;
 - (c) aon sárú ar choimircí teicniúla agus/nó eagraíochtúla na hoibríochta próiseála i dtairseach an chreata iontaoibhe.
- (3) Cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha aon sárú ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an oibríocht próiseála i dtairseach an chreata iontaoibhe in iúl don Choimisiún, do na húdaráis mhaoirseachta inniúla agus, i gcás inar gá, do na daoine is ábhar do na sonraí, i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt ina leith.
- 4) Cuirfidh gach údarás eisiúna bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme, ar bearta iad a cheapadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a) infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseálann siad i gcomhpháirt a áirithiú agus a chosaint;
 - b) aon sonraí pearsanta atá ina sheilbh a chosaint ar aon phróiseáil, cailteanas, úsáid, nochtadh nó fáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach;
 - c) a áirithiú nach ndéanfar rochtain ar na sonraí pearsanta a nochtadh ná a cheadú d'aon duine seachas na faighteoirí nó na próiseálaithe.

ROINN 3

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

- (1) Má tá faisnéis ó rialaitheoir eile ag teastáil ó rialaitheoir d'fhonn a oibleagáidí a shonraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, seolfaidh sé iarraidh shonrach chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil dá dtagraítear i bhForoim 1(4) de Roinn 1. Déanfaidh an rialaitheoir eile sin a dhícheall an fhaisnéis sin a chur ar fáil."

IARSCRÍBHINN IV

"IARSCRÍBHINN VII

FREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN MAR PHRÓISEÁLAÍ SONRAÍ MAIDIR LE TAIRSEACH DHEIMHNIÚ DIGITEACH COVID AE CHUN TACÚ LE HIDIRMHALARTÚ LIOSTAÍ CÚLGHAIRME DCC AE

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- (1) Bonneagar cumarsáide slán agus iontaofa a bhunú agus a áirithiú thar ceann na mBallstát a thacaíonn leis an malartú liostaí cúlghairme arna gcur isteach chuig Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID.
- (2) Chun a chuid oibleagáidí mar phróiseálaí sonraí thairseach an chreata iontaoibhe le haghaidh na mBallstát a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún tríú páirtithe a fhostú mar fhophróiseálaithe; cuirfidh an Coimisiún na rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolas faoi aon athrú a bheadh beartaithe a bhaineann le fophróiseálaithe eile a thabhairt isteach nó a chur in ionad fophróiseálaithe eile, agus ar an gcaoi sin bheadh deis ag na rialaitheoirí agóid i gcoinne athruithe den chineál sin. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí cosanta sonraí céanna a leagtar amach sa Chinneadh seo maidir leis na fophróiseálaithe sin.
- (3) Na sonraí pearsanta a phróiseáil de réir teoracha doiciméadaithe ó na rialaitheoirí amháin, mura n-éilítear déanamh amhlaidh faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit. i gcás den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún na rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolas faoin gceanglas dlíthiúil sin sula ndéanfaidh sé an ghníomhaíocht próiseála, ach amháin má thoirmistear, leis an dlí sin, an fhaisnéis sin a chur isteach ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail.

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseáil a dhéanann an Coimisiún.

- (a) Fíordheimhniú na bhfreastalaithe cúil náisiúnta, de réir deimhnithe freastalaithe cúil náisiúnta;
 - (b) Na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5a(3) den Chinneadh arna n-uaslódáil ag freastalaithe cúil náisiúnta a fháil trí chomhéadan ríomhchláraithe feidhmchláir a chur ar fáil lena féidir le freastalaithe cúil náisiúnta na sonraí ábhartha a uaslódáil;
 - (c) Na sonraí a stóráil i dtairseach dheimhniú Digiteach COVID AE;
 - (d) Na sonraí a chur ar fáil lena n-íoslódáil ag freastalaithe cúil náisiúnta;
 - (e) Na sonraí a scríosadh ar a ndáta éaga nó ar threoir a fháil don rialaitheoir a chuir isteach iad;
 - (f) Nuair a bheidh deireadh leis an tseirbhís a sholáthar, scríosfaidh sé aon sonraí atá fágtha mura rud é go n-éilíonn dlí an Aontais nó dlí Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta a stóráil.
- (4) Bearta eagraíochtúla, fisiceacha agus loighciúla slándála úrscothacha a dhéanamh chun Tairseach Deimhnithe Dhigiteach COVID AE a choinneáil ar bun. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
 - (a) eintiteas freagrach as bainistiú slándála a ainmniú ar leibhéal Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE, a chuid faisnéise teagmhála a chur in iúl do na rialaitheoirí comhpháirteacha agus a áirithiú go bhfuil sé ar fáil chun freagairt do bhagairtí slándála;
 - (b) freagracht a ghlacadh as slándáil Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE; lena n-áirítear tástálacha, meastóireachtaí agus measúnuithe a dhéanamh go tráthrialta ar na bearta slándála.
 - (c) a áirithiú go mbeidh gach duine a dtugtar rochtain dó ar Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE faoi réir oibleagáid chonarthathe, ghairmiúil nó reachtúil maidir le rúndacht.
 - (5) gach beart slándála is gá a dhéanamh ionas nach gcuirfeadh feidhmí mín oibríochtúil na bhfreastalaithe cúil náisiúnta i mbaol. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm a bhaineann leis an nasc ó na freastalaithe cúil le Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE. Áirítear leis sin:
 - (a) nós imeachta maidir le measúnú riosca chun bagairtí féideartha don chóras a aithint agus a mheas;
 - (b) nós imeachta iniúchta agus athbhreithnithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - i. an comhfhreagrach idir na bearta slándála a chuirtear chun feidhme agus an beartas slándála is infheidhme a sheiceáil;
 - ii. sláine chomhaid an chórais, paraiméadair slándála agus údaruithe deonaithe a rialú go rialta;

- iii. faireachán a dhéanamh chun sárúithe slándála agus ionraí a bhrath;
 - iv. athruithe a chur chun feidhme chun laigí slándála atá ann cheana a mhaolú;
 - v. na coinníollacha a shainiú faoina n-údarófar feidhmiú iniúchtaí neamhspleácha, lena n-áirítear arna iarraidh sin do na rialaitheoirí, agus faoina rannchuideofar leis na hiniúchtaí sin, lena n-áirítear na cigireachtaí agus athbhreithnithe ar bhearta slándála faoi réir coinníollacha lena n-urramaítear Prótocal (Uimh. 7) a ghabhann le CFAE ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.
- (c) an nós imeachta rialaithe a athrú chun doiciméadú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú sula gcuirtear i bhfeidhm é agus é a thomhas, agus na rialaitheoirí comhpháirteacha a choimeád ar an eolas maidir le haon athrú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chumarsáid lena mbonneagar agus/nó do shlándáil a mbonneagar;
 - (d) nós imeachta cothabhála agus deisiúcháin a leagan síos lena sonrú na rialacha agus na coinníollacha atá le hurramú nuair is ceart trealamh a chothabháil agus/nó a dheisiú;
 - (e) nós imeachta um theagmhais slándála a leagan síos chun an scéim tuairiscithe agus géaraithe a shainiú, na rialaitheoirí a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas, na rialaitheoirí a chur ar an eolas gan mhoill ionas go dtabharfaidh siad fógra do na húdaráis náisiúnta mhaoriseachta um chosaint sonraí faoi aon sárú ar shonraí pearsanta, agus próiseas araíonachta a shainiú chun déileáil le sárúithe slándála;
- (6) Bearta úrscothacha slándála fisiceacha agus/nó loighciúla a dhéanamh maidir leis na saoráidí ina bhfuil trealamh Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE agus maidir le rialuithe sonraí loighciúla leis an rochtain slándála. Chuipe sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
- (a) slándáil fhisiceach a fhorfheidhmiú chun imlíne slándála soiléire a shuí agus chun sárúithe a bhrath;
 - (b) an rochtain ar na saoráidí a rialú agus clár cuairteoirí a choinneáil ar bun chun críocha an rianaithe;
 - (c) a áirithiú go ndéanfaidh foireann chúí-údaraithe daoine seachtracha a thionlacan dá dtugtar rochtain ar an áitreabh;
 - (d) a áirithiú nach féidir trealamh a thabhairt chun an áitribh, trealamh a ionadú nó trealamh a chur den láthair gan údarú a fháil roimh ré ó na comhlachtaí freagracha ainmnithe;
 - (e) rochtain ar na freastalaithe cúil náisiúnta, agus uathu, agus ar thairseach an chreata iontaoibhe;
 - (f) a áirithiú go sainaithnítear agus go bhfiordheimhnítear daoine aonair a bhfuil rochtain acu ar Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE;
 - (g) athbhreithniú a dhéanamh ar na cearta údaraithe a bhaineann le rochtain ar Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais i gcás sárú slándála a bheith ann lena ndéantar difear don bhonneagar sin;
 - (h) sláine na faisnéise arna tarchur trí Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE a choinneáil ar bun;
 - (i) bearta teicniúla agus eagraíochtúla slándála a chur chun feidhme chun rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta a chosc;
 - (j) bearta a chur chun feidhme, nuair is gá, chun bac a chur ar rochtain neamhúdaraithe ar Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE ó réimse na n-údarás eisiúna (i.e.: bac a chur ar shuíomh/sheoladh IP).
- (7) Bearta a dhéanamh chun a fhearann a chosaint, lena n-áirítear gearradh na gceangal, i gcás ina mbeidh diall substaintiúil ó na prionsabail agus ó na coincheapa maidir le cáilíocht nó slándáil;
- (8) Plean bainistithe riosca a choinneáil ar bun a bhaineann lena réimse freagrachta.
- (9) Faireachán a dhéanamh – i bhfíor-am – ar fheidhmíocht chomhpháirteanna uile na seirbhísí a bhaineann leis an gcreat iontaoibhe, staidreamh a chur ar fáil go rialta agus taifid a choimeád.
- (10) Tacaíocht a chur ar fáil do gach seirbhís de chuid thairseach an chreata iontaoibhe i mBéarla, 24/7 ar an bhfón, trí ríomhphost nó ar an Tairseach Gréasáin agus glacadh le glaonna ó ghlaoiteoirí údaraithe: comhordaitheoirí Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE agus a ndeasc cabhrach, a nOifigigh Tionscadail agus a ndaoine ainmnithe ón gCoimisiún faoi seach.
- (11) Cúnamh a thabhairt do na rialaitheoirí comhpháirteacha trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla, a mhéid is féidir i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2018/1725, maidir le comhlíonadh oibleagáid an rialaitheora iarrataí a fhreagairt maidir le feidhmiú chearta an duine is ábhar do sonraí a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- (12) Tacú leis na rialaitheoirí comhphárteacha trí fhaisnéis a sholáthar maidir le Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE, chun na hoibleagáidí de bhun Airteagail 32, 33, 34, 35 agus 36 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur chun feidhme.
 - (13) A áirithiú nach féidir le haon duine nach bhfuil údaraithe rochtain a fháil ar na sonraí a phróiseáiltear laistigh de Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE.
 - (14) Gach beart ábhartha a dhéanamh chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe ar shonraí tarchurtha ag oibreoírí Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE.
 - (15) Bearta a dhéanamh chun an idir-inoibritheacht agus an chumarsáid idir rialaitheoirí atá ainmnithe ag an Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE a éascú.
 - (16) Taifead a choimeád de na gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar thar ceann na rialaitheoirí comhphárteacha i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2018/1725.”
-

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/484 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Márta 2022

lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme coinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1875)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 69(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Teideal III, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, déantar foráil maidir le híocaíocht i leith na gcleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil (“íocaíocht ghlas”). Áirítear leis na cleachtais sin éagsúlú barr de bhun Airteagal 43(2), pointe (a), agus limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht de bhun Airteagal 43(2), pointe (c), den Rialachán sin. Leagtar síos tuilleadh rialacha maidir leis na cleachtais sin i gCaibidil 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (2) Le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar síos, chun críoch éagsúlaithe barr, go meastar gurb éagsúlú an barr é talamh a fhágtar bán ó fhéar nó foráiste luibheach eile. Tugann an méid sin le fios nach féidir talamh ar a ndearnadh innilt nó buaint chun críoch táirgthe a mheas mar thalamh a fhágtar bán.
- (3) Le hAirteagal 46(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, leagtar síos go bhféadfaí limistéir faoi thalamh a fhágtar bán a mheas mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht. Le hAirteagal 45(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014, ceanglaítear go bhfuil táirgeadh talmhaíochta á dhéanamh, agus le hAirteagal 45(10b) den Rialachán sin cuirtear cosc ar úsáid táirgí cosanta plandaí, ar thalamh a fhágtar bán a cháilíonn mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht.
- (4) Spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 borradh mór tobann ar phraghsanna tráchtearraí agus tá tionchar aige ar sholáthar agus éileamh táirgí talmhaíochta. Chun aghaidh a thabhairt ar an staid seo, ba cheart acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta an Aontais le haghaidh soláthar bia agus beatha a mhéadú.
- (5) Is limistéir talún arúla fós iad limistéir thalún a fhágtar bán atá oiriúnach le haghaidh táirgeadh barr ar limistéir iad a dhéanfaí a úsáid láithreach chun bia agus beatha a tháirgeadh, bíodh go bhfuil siad oiriúnach ar leibhéal éagsúla ag brath ar an mbail atá orthu, amhail cáilíocht na hithreach. Dá bhrí sin, chun é a chur ar chumas feirmeoirí an leas is mó a bhaint as na limistéir atá ar fáil acu chun bia a tháirgeadh agus ainmhithe a chothú, ba cheart go dtabharfar údarú do na Ballstáit maolú ar na coinníollacha a bhaineann leis an íocaíocht ghlas, lena n-áirítear úsáid táirgí cosanta plandaí, le haghaidh na bliana éilimh 2022 a mhéid a bhaineann le talamh a fhágtar bán agus a dearbhaíodh go gcomhlíonann sé na ceanglais a bhaineann le héagsúlú barr nó limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht i gcomhréir le hAirteagal 44(4) agus Airteagal 46(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, faoi seach.
- (6) Níor cheart foráil a dhéanamh leis an gCinneadh seo ach amháin maidir le maoluithe ar an éagsúlú barr agus ar na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a mhéid is gá agus ar feadh na tréimhse is gá. Ba cheart na maoluithe a theorannú don bhliain éilimh 2022 agus ba cheart iad a bheith dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ar sholáthar agus éileamh táirgí talmhaíochta trí mhéadú a cheadú ar an limistéir iomlán talún arúla atá ar fáil chun bia agus beatha a tháirgeadh.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 181, 20.6.2014, lch. 1).

- (7) Agus cinneadh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na maoluithe, ba cheart do na Ballstáit sin aird chuí a thabhairt ar chuspóirí na gcleachtas talmhaíochta is tairbhíúil don aeráid agus don chomhshaol agus, go háirithe, ar an ngá atá le cáilíocht ithreach agus cáilíocht acmhainní nádúrtha agus an bhitheolaíocht a chosaint go leormhaith, go háirithe le linn na dtréimhsí is íogaire le haghaidh bláthú agus le haghaidh éin atá ag neadú.
- (8) Chun a áirithiú go bhfuil na maoluithe a údaraítear leis an gCinneadh seo éifeachtach d'fhonn na gcuspóirí arna saothrú, i.e. maolú ar ardú praghsanna tráchtearraí agus an tionchar ar sholáthar agus éileamh, ba cheart do na Ballstáit a gcinntí maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe a dhéanamh laistigh de 21 lá ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo, agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cinntí sin laistigh de 7 lá ón dáta a dhéanfar na cinntí.
- (9) Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na maoluithe a fhoráiltear leis seo agus ar an tionchar a bhíonn acu, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir leis an líon gabháltas agus an líon heicteár a chumhdaítear leis na maoluithe. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil faoin 15 Nollaig 2022 agus na hionstraimí fógartha atá ann cheana á n-úsáid aige.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cinntí lena ndéantar maolú ar choinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022

1. De mhaolú ar Airteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, le haghaidh na bliana éilimh 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go meastar gur barr ar leith í talamh a fhágtar bán cé go ndearnadh an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh í.
2. De mhaolú ar Airteagal 45(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014, le haghaidh na bliana éilimh 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go meastar gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht í talamh a fhágtar bán de bhun Airteagal 46(2). an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 cé go ndearnadh an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh í. Beidh feidhm ag an bhfachtóir ualaithe a leagtar amach le haghaidh talamh a fhágtar bán in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

De mhaolú ar Airteagal 45(10b) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014, i gcás ina n-úsáideann na Ballstáit an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh siad a chinneadh úsáid táirgí cosanta plandaí a cheadú ar na limistéir sin ar a ndearnadh innilt nó sábháil chun críche táirgthe nó na limistéir a saothraíodh.

Airteagal 2

Teorainn ama

Déanfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 1 laistigh de 21 lá ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 3

Fógraí

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 1 laistigh de 7 lá tar éis an dáta a dhéanfar na cinntí.
2. Faoin 15 Nollaig 2022, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin líon gabháltas a d'úsáid na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 agus an líon heicteár inar cuireadh na maoluithe sin i bhfeidhm.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

CINNEADH (AE) 2022/485 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**an 17 Márta 2022****lena leasaítear Cinneadh 2010/264/AE maidir le riar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach****(ECB/2022/11)**

Tá COMHAIRLE RIALAITHE an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 122(2) agus 132(1) de,

Ag féachaint do Reachta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 17 agus 21 agus Airteagal 34.1 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart taiscí a shealbhaítear sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/624/AE ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2010/17 ⁽²⁾ a íoc i gcomhréir le forálacha Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ⁽³⁾ chun an chomhsheasmhacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le híocaíocht taiscí inchomparáide ar fud an Eurochórais.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/624/AE (ECB/2010/17) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2010/624/AE (ECB/2010/17):

“Airteagal 4

Íocfar na cuntais dá dtagraítear in Airteagal 2 i gcomhréir le forálacha Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ^(*).

^(*) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).”.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 118, 12.5.2010, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh 2010/624/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Deireadh Fómhair 2010 maidir le riar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (BCE/2010/17) (IO L 275, 20.10.2010, lch. 10).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

Arna dheanamh in Frankfurt am Main, 17 Márta 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)